**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

# An Ardteistiméireacht 2011

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# GNÓ

## Ardleibhéal

v.2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.
*Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.*

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2011

# AISTRIÚCHÁN
# AR SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ

# ARDLEIBHÉAL

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2011**

**GNÓ – ARDLEIBHÉAL**

**AN SCÉIM MHARCÁLA**

**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**

Dréachtscéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an dréachtscéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta atá leis seo eisiach ná críochnaitheach.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad.
- I gcuid mhór cásanna, d’fhéadfadh eochairfhrásaí a bheith sna nótaí tacaíochta nár mhór a bheith i bhfreagra an iarrthóra d’fhonn na marcanna sannta a thuilleamh.
- Déanfar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith.  D’fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2011: GNÓ – ARDLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

## ROINN 1
**(80 Marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair 8 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| **Ceist** | **Scéim** | **Marc** |
|---|---|---|
| 1. | (a) 4 mharc (2+2)<br><br>(b) 6 mharc [3(1+2) + 3(1+2)] | 10 |
| 2. | (a) 4 mharc (2+2)<br><br>(b) 6 mharc (6 @ 1 mharc)<br>1 le haghaidh foirmle. 4 fhigiúr @ 1 mharc. 1 mharc don fhreagra ceart (ní mór do % bheith san áireamh) | 10 |
| 3. | (a) 4 mharc (2+2)<br>(b) 6 mharc [3(1+2) + 3(1+2)] | 10 |
| 4. | (a) 6 mharc (3+3)<br><br>(b) 4 mharc (2+2) | 10 |
| 5. | (a) 4 mharc (2+2)<br><br>(b) 6 mharc<br>Comhardú na Trádála 3 fhigiúr @ 1 mharc<br>Ní mór barrachas a lua leis an tríú marc a fháil.<br>Comhardú na nÍocaíochtaí<br>3 fhigiúr @ 1 mharc<br>Ní mór barrachas a lua leis an tríú marc a fháil. | 10 |
| 6. | (i) 5 mharc (3+2)<br><br>(ii) 5 mharc (3+2) | 10 |
| 7. | (i) 5 mharc (3+2)<br>(ii) 5 mharc (3+2) | 10 |
| 8. | 5 @ 2 mharc | 10 |
| 9. | (a) 4 mharc<br>(b) 6 mharc (3+3) | 10 |
| 10. | (i) 5 mharc (3+2)<br>(ii) 5 mharc (3+2) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna ar fáil** | **80** |

**ROINN 2**
**(80 Marc)**
**Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonad 3, 4, 5)**

**Ceist éigeantach í seo.**

## Éadaí do Chách Tta

| | | | |
|---|---|---|---|
| (A) | (i) Sainmhíniú ar phleanáil<br><br>(ii) Ní mór cineálacha pleanála agus buntáistí a nascadh le téacs na ceiste faoin nGnó Feidhmeach | 6 mharc (3+3)<br><br>2 @ 7 marc (2+3+2)<br>(Luaigh + tairbhe/míniú + nasc ábhartha) | 20 marc |
| (B) | Measúnú ar éifeachtacht Rannóg na nAcmhainní Daonna<br><br>(Nasc éagsúil ábhartha le haghaidh gach feidhme) | 3 fheidhm Rannog Acmhainní Daonna @<br>9 marc an ceann (3+3+3)+3 | 30 marc |
| (C) | (i) Mínigh Taighde Margaidh<br><br>(ii) Taighde Deisce<br>Taighde Allamuigh<br><br>Conas is féidir leo **cur le** rath leanúnach an ghnó. | 6 mharc (3+3)<br><br>12 mharc (6+6)<br>12 mharc (6+6) | 30 marc |

**Naisc Ábhartha:**

**Ní mór** do na naisc a thugtar a bheith ina sliocht nó ina ráiteas nó ina bhfrása as an gceist ar an ngnó feidhmeach a léiríonn gur thuig na hiarrthóirí(an pointe) na pointí teoirice a chuir siad i láthair.

## Roinn 3
**(240 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **Amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc**.**

## Cuid 1

**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (A) | Caidreamh comhoibritheach Nó iomaíoch | 15 mharc (3+6+6) | 15 |
| (B) | (i) Cearta tomhaltóirí faoin Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980.<br>(ii) Cineálacha Sásaimh | 4 @ 5 mharc (2+3)<br><br>2 @ 5 mharc (2+3) | 30 |
| (C) | Bealach neamhreachtúil chun aighneas idir fostóir agus fostaí a réiteach. | 15 mharc (5+5+5) | 15 |
| | **Marcanna ar fáil** | | **60** |

**Timpeallacht Intíre**

**Ceist 2**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tionchar an mhéadaithe ar an dífhostaíocht ar gheilleagar na hÉireann. | 4 @ 5 mharc (2+3) | 20 |
| **(B)** | Na céimeanna a bhaineann le bunú cuideachta príobháidí teoranta. | 4 chéim @ 5 mharc (2+3) | 20 |
| **(C)** | (i) Forbairt Pobail<br><br>(ii) Measúnú ar sheirbhísí na mBord Fiontair Contae agus Cathrach | 8 marc [4(2+2)+4(2+2)]<br><br>2 @ 5 mharc (2+3)+2 | 20 |
| | **Marcanna ar fáil** | | **60** |

**Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta**

**Ceist 3**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Conas a théann nádúr athraitheach an gheilleagair idirnáisiúnta i gcion ar lucht onnmhairithe na hÉireann. | 4 @ 5 mharc (2+3) | 20 |
| **(B)** | Léirigh conas atá comhlachtaí trasnáisiúnta eachtracha (comhlachtai a dheanann infheistiocht dhireach eachtrach) tar éis dul i gcion ar gheilleagar na hÉireann. | 5 @ 5 mharc (1+2+2) | 25 |
| **(C)** | Measúnú ar ról na ngrúpaí sainleasa san AE. Bain úsáid as samplaí chun tacú leis an bhfreagra | 2 @ 6 mharc (3+3) + 3 | 15 |
| | **Marcanna ar fáil** | | **60** |

# Roinn 3

## Cuid 2

## Fiontraíocht

| **Fiontraíocht/Bainistíocht** |
|---|

**Ceist 4**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Scileanna fiontraíochta ag teastáil ó Cholm.<br>(4 scil ar leith agus tagairt don sráidbhaile is slachtmhaire) | 4 @ 5 mharc (2+2+1) | 20 |
| **(B)** | (i) Mínigh 'Teoiric an Inspreagtha' ag Maslow.<br><br>(ii) Léirigh conas a d'fhéadfadh bainisteoir a chuid oibrithe a spreagadh trí Theoiric Maslow a chur i bhfeidhm sa láthair oibre. | 5 mharc (2+3)<br><br>5 @ 1 mharc<br>5 @ 2 mharc | 20 |
| **(C)** | Conas a bhaintear éifeachtúlacht amach i ngnó trí Rialú Stoic **agus** Rialú Cáilíochta. | 2 @ 10 mharc (2+4+4) | 20 |
| | **Marcanna ar fáil** | | **60** |

| **Bainistíocht** |
|---|

**Ceist 5**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Buntáistí na hoibre buíne **do na fostaithe** i ngnó. | 3 @ 5 mharc (2+ 3) | 15 |
| **(B)** | (i) ÍMAT, CBL agus Cáin Chorparáide<br>(ii) Déan measúnú ar impleachtaí **gach** cánach díobh do ghnólacht | 3 @ 6 mharc (3+3)<br><br>7 marc (3+2+2) | 25 |
| **(C)** | (i) Bainistíocht Riosca<br><br>(ii) **Trí** mhodh chun riosca a laghdú a oiread agus is féidir | 8 marc (4+4)<br><br>3 @ 4 mharc (2+2) | 20 |
| | **Marcanna ar fáil** | | **60** |

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 6**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) An difríocht idir cumasc agus táthcheangal.<br>Tá sampla an ceann ag teastáil.<br>(ii) Na **buntáistí** agus na **rioscaí** a bhaineann le cumasc mar mhodh leathnaithe gnó.<br>Tá **ceann amháin ar a laghad** de gach ceann ag teastáil. Níor mhór tagairt do Chill Rónáin Tta. | 2 @ 5 mharc (2+2+1)<br><br>3 @ 5 mharc (2+2+1) | 25 |
| **(B)** | Déan idirdhealú idir Caipiteal Fiachais agus Caipiteal Cothromais mar fhoinsí maoinithe le haghaidh leathnú | 3 @ 5 mharc (2+3) | 15 |
| **(C)** | Foinse inmheánacha **agus** sheachtracha de nuálaíocht táirge.<br>(Dhá fhoinse de gach ceann díobh ag teastáil) | 4 @ 5 mharc (2+3) | 20 |
| | **Marcanna ar fáil** | | **60** |

| **Gnó i nGníomh** |
|---|

**Ceist 7**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Dhá dhúshlán a bhaineann le gnólacht nua a chur ar bun. | 2 @ 5 mharc (1+2+2) | 10 |
| **(B)** | (i) Léaráid de shaolré táirge.<br><br>(ii) Léirigh modhanna chun fad a chur le saolré táirge | 8 @ 1 mharc + 2 mharc le haghaidh cuair.<br><br>3 @ 5 mharc (2+3) | 25 |
| **(B)** | (i) Cairt Mheá ar Mheá<br><br>(ii) Feidhm amháin **eile** a bheadh ag staidéar indéantachta. | Cairt a thaispeánann:<br><br>Costais Sheasta(2 mharc)<br>Costais Iomlána (2 mharc)<br>Ioncam Iomlán (2 mharc)<br>An Pointe Meá ar Mheá (3 mharc)<br>Brabús Tuartha (3 mharc)<br>An Lamháil Sábháilteachta (3 mharc)<br>Teideal: Aschur ina aonaid ‘000 (2 mharc)<br>Teideal: Ioncam agus Costais €’000 (2 mharc)<br>Príomh-cheannteideal (1 mharc)<br><br>**An tÁireamh amháin: (uasmhéid: 9 marc)**<br>An Pointe Meá ar Mheá (3 mharc)<br>Brabús Tuartha (3 mharc)<br>An Lamháil Sábháilteachta (3 mharc)<br><br>5 mharc (2+3) | 25 |
| | **Marcanna ar fáil** | | **60** |

# Nótaí Tacaíochta

**ROINN 1**
**(80 Marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ceist 1**

(a) Mínigh an bhrí atá leis an téarma ‘táirgí branda dhílis’ (táirgí féinbhranda):

Táirgí iad seo a dhíolann miondíoltóirí/il-ollmhargaí faoi ainm agus lógó an mhiondíoltóra féin. Tugtar ‘brandaí miondíoltóra’ orthu**.** Baineann il-ollmhargaí móra fearacht Tesco agus Dunnes úsáid as brandaí féinlipéid, e.g. bainne Tesco, gránach Dunnes, ‘Honey & Nut Flakes’.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá chúis** a mbaineann miondíoltóirí úsáid as ‘táirgí branda dhílis’:

(i) Féadfaidh an miondíoltóir iarraidh ar an déantóir na hearraí a dhéanamh de réir **sonraíochtaí áirithe** e.g. caighdeán, méid, cruth, etc.
Níos mó smachta ar bhealaí dáileacháin/is féidir leo lascainí níos mó a lorg ó sholáthróirí.

(ii) Go ginearálta, féadfaidh an miondíoltóir ‘brandaí dílse’ a dhíol ar **phraghas níos saoire** ná an ceannaire margaidh agus brandaí eile/‘**luach ar airgead**’

(iii) D’fhéadfaidís **dílseacht custaiméirí** a chruthú don asraon miondíola/siopa seachas don táirge, agus bheadh méadú ar dhíol táirgí eile dá bharr.
(Tá Tesco ag dréim leis go ndíolfaidh siad de bhreis ar €200m de tháirgí Éireannacha mar chuid dá réimsí féinlipéid in Éirinn agus sa R.A. in 2011.)

(iv) **Is éasca iad a aithint** agus ní theastaíonn uathu ach **beagán fógraíochta**.

(v) Is féidir **réimse mór táirgí** a dhíol faoin lipéad branda dhílis.

(vi) D’fhéadfaidís **an corrlach brabúis** a thuilleann siad ó tháirgí **a mhéadú**, de thairbhe costais níos ísle.

**Ceist 2**

**(a)** Mínigh an téarma ‘Toradh ar Infheistíocht’ (TAI).

Is éard is TAI ann an **glanbhrabús a ghineann/a thuilleann gnólacht** ón **airgeadas iomlán arna úsáid ag an ngnólacht (caipiteal in úsáid)**.

Tomhaiseann sé brabúsacht gnólachta i gcomparáid leis an airgead a infheistítear ann.

**(b) Ríomh TAI:**

$$TAI = \frac{\text{Brabús Glan}}{\text{Caipiteal in Úsáid}} \times 100$$

$$= \frac{€57,000}{€140,000 + €56,000 + €24,000}$$

= 25.91% nó 26%

**Ceist 3**

(a) Déan idirdhealú idir **dhá** chineál cruinnithe atá coitianta i ngnólacht.

- CGB/AGM (Cruinniú Ginearálta Bliantúil): Cruinniú é seo le haghaidh scairshealbhóirí cuideachta. Eagraítear é uair amháin sa bhliain. Sa CGB, féadfaidh scairshealbhóirí ceisteanna a chur ar na stiúrthóirí, tugann an cathaoirleach aitheasc, toghtar stiúrthóirí, ceaptar iniúchóirí agus cuirtear cuntais i láthair.
- CGU/EGM (Cruinniú Ginearálta Urghnách): Tarlaíonn a leithéid nuair a thagann ábhar aníos a bhíonn chomh tábhachtach sin nach féidir leis an ngnólacht fanacht go dtí go mbíonn an chéad CGB eile ar siúl chun dul i ngleic leis.
- Cruinniú Boird: Cruinnithe rialta iad seo a eagraíonn bord stiúrthóirí na cuideachta. Is minic a bhíonn pleanáil oirbheartaíochta, pleanáil straitéiseach agus athbhreithniú ar fheidhmíocht cuideachta ar chlár cruinniú boird.
- Cruinnithe bainistíochta/feidhmiúcháin/ad hoc Cruinnithe a eagraíonn bainisteoirí éagsúla sa ghnólacht le dul i ngleic le saincheisteanna oibriúcháin/fadhbanna láithreacha.

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide.

1. Deis iad na cruinnithe le plé a dhéanamh ar thograí éagsúla agus is **cinnteoireacht mhaith éifeachtach/comhordú shaothar na rannóg éagsúil** a bhíonn mar thoradh air seo.

2. Deis iad na cruinnithe le **faisnéis a thabhairt** do na páirtithe leasmhara éagsúla i gcuideachta, e.g. cruinniú le haghaidh lucht bainistíochta agus fostaithe gnólachta maidir le saincheisteanna caidreamh tionsclaíoch.

3. Fóraim chruthaitheacha iad na cruinnithe, e.g. **seisiún ransaithe smaointe** i rith chéim na smaointe den phróiseas um fhorbairt táirgí.

4. Is oiriúnach iad cruinnithe nuair a bhíonn plé á dhéanamh ar **shaincheisteanna íogaire nó ar shaincheisteanna faoi rún**, e.g. iomarcaíocht, dífhostú foirne, agus cúngú/fairsingiú gnó.
5. Deis iad le h**aiseolas** a thabhairt agus a fháil.
6. Is féidir **taifead i scríbhinn** (i.e. miontuairiscí) a choinneáil ar chinntí a dhéantar le haghaidh tagartha amach anseo.

**Ceist 4**

**(a)** Mínigh an téarma 'réise rialúcháin'.

Tagairt é don **líon daoine/íochtarán a thuairiscíonn go díreach do bhainisteoir nó do mhaoirseoir amháin** i ngrádlathas.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc a imríonn tionchar ar leithead na réise rialúcháin i ngnó.

1. **Scileanna bainisteora/stíl bhainistíochta:** Féadfaidh bainisteoir a bhfuil taithí aige, atá muiníneach agus atá cumasach réise leathan rialúcháin a oibriú.
2. **Scileanna an lucht oibre:** D'fhéadfaí réise leathan rialúcháin a oibriú nuair a bhíonn muinín as na fostaithe as a gcuid scileanna agus inspreagtha.
3. **An cineál oibre/an cineál táirge nó seirbhíse:** Is oiriúnach réise leathan rialúcháin nuair a bhíonn an obair atriallach agus nuair nach mbíonn mórán freagrachta, cinnteoireachta ná scileanna de dhíth. Is oiriúnach réise chaol rialúcháin má bhíonn saineolas ardleibhéil ag teastáil don obair.

**Ceist 5**

**(a)** Léirigh cad atá i gceist leis an téarma 'allmhairí dofheicthe' agus tú ag tagairt do gheilleagar na hÉireann.

Allmhairí dofheicthe iad **seirbhísí eachtracha** a sholáthraítear do chustaiméirí/do chónaitheoirí Éireannacha/a cheannaíonn custaiméirí/cónaitheoirí Éireannacha,
e.g. gnólachtaí eachtracha a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais/cónaitheoirí Éireannacha ar saoire thar lear.

**(b)** Le cúnamh na sonraí seo a leanas, ríomh (i) Comhardú na Trádála, agus (ii) Comhardú na nÍocaíochtaí. Luaigh **i ngach** cás cé acu barrachas nó easnamh atá i gceist.

Comhardú na Trádála = Onnmhairí Sofheicthe - Allmhairí Sofheicthe
= €50bn - €30bn
= Barrachas €20bn

Comhardú na Trádála Dofheicthe = Onnmhairí Dofheicthe - Allmhairí Dofheicthe
= €35bn - €40bn
= Easnamh (€5bn)

Comhardú na nÍocaíochtaí = Comhardú na Trádála + Comhardú na Trádála Dofheicthe
= €20bn + (€5bn)
= Barrachas €15bn

**Cur chuige eile le Comhardú na nÍocaíochtaí a ríomh.**

Comhardú na nÍocaíochtaí = Onnmhairí Iomlána – Allmhairí Iomlána
= (Onnmhairí Sofheicthe + Onnmhairí Dofheicthe) - (Allmhairí Sofheicthe + Allmhairí Dofheicthe)
= (€50bn + €35bn) – (€30bn + €40bn)
= €85bn - €70bn
= Barrachas €15bn

**Ceist 6**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfadh an Rialtas gníomhaíocht ghnó in Éirinn a spreagadh.

(i) Spreagann ráta íseal cáin chorparáide 12.5% infheistíocht dhíreach eachtrach, agus tagann méadú ar ghnólachtaí in Éirinn dá bharr.
Tugtar níos mó ioncam indiúscartha d'fhostaithe agus do thomhaltóirí de bharr cánachas íseal pearsanta i bhfoirm ÍMAT agus DIRT (Cáin Choinneála ar Ús Taisce) níos ísle agus **méadaítear an t-éileamh ar na hearraí agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn gnólachtaí.**

**(ii)** Ligeann bonneagar níos fearr amhail bóithre, aerfoirt, calafoirt, teileachumarsáid agus leathanbhanda do ghnólachtaí oibriú go héifeachtúil agus **spreagann sé gníomhaíocht ghnó agus cruthú post**.

(iii) Féadfaidh gníomhaireachtaí Stáit, fearacht FÁS, níos mó cúrsaí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil le **soláthar seasta oibrithe oilte a chinntiú leis na riachtanais ghnó a bhaint amach**.

(iv) Cúnamh deontais i gcomhair tionscnamh agus fairsingiú gnó, e.g. tugann Boird Fiontar Contae agus Cathrach suas le €20,000 de dheontais indéantachta/nuálaíochta má bhíonn na fiontraithe in ann 50% de na costais ar a laghad a mheaitseáil. Tá deontais fairsingithe ghnó suas le €80,000 ar fáil do thrádálaithe aonair, do chomhpháirtíochtaí, do chuideachtaí pobail nó do chuideachtaí teoranta. Baineann scéimeanna SEED agus BES le cuideachtaí easpórtála nó le cuideachtaí ag a bhfuil cumas easpórtála.

(v) Spreagann timpeallacht níos fearr rialála fás agus fairsingiú gnólachtaí.

**Ceist 7**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál gníomhaíochta tionsclaíche a d'fhéadfadh fostaithe a dhéanamh agus iad ag iarraidh tabhairt ar fhostóirí géilleadh dá gcuid éileamh.

1. Is éard is ciall le Stailc Oifigiúil nach dtagann na fostaithe chuig a n-ionad oibre agus nach ndéanann siad a gcuid oibre. Bíonn rúnbhallóid, fógra ceart don fhostóir (i.e. fógra seachtaine amháin) agus ceadú an ICTU i gceist le stailc oifigiúil. Ciallaíonn stad oibre nó stailc chomharthach go stopann na fostaithe a gcuid oibre ar feadh tréimhse ghearr le haird a dhíriú ar a gcuid buarthaí.

2. Obair de réir rialach mar ní dhéanann na fostaithe ach an obair bheacht atá scríofa ina sainchuntas poist/conradh. Ní thairgeann an fhoireann aon solúbthacht le riachtanais phráinneacha/gan choinne a bhaint amach.

**3.** Cosc ar ragobair mar diúltaíonn na hoibrithe aon ragobair a dhéanamh. D'fhéadfadh sé seo bheith ina bhunús le briseadh mór, go háirithe i rith buaic-amanna trádála, e.g. siopa bréagán um Nollaig.

**Ceist 8**

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| **Fíor** | **Bréagach** | **Fíor** | **Fíor** | **Bréagach** |

**Ceist 9**

(a) Mínigh an téarma ‘Airgeadas gearrthéarma’.
Airgeadas é airgeadas gearrthéarma atá ar fáil ar feadh tréimhse suas le bliain amháin. Ba cheart é a íoc ar ais laistigh de dhá mhí dhéag.

(b) Léirigh suíomh gnó **ina mbeadh** ‘airgeadas gearrthéarma’ oiriúnach.
D’fhéadfaí creidmheas trádála a úsáid le stoc a cheannach le haghaidh athdhíola.

**Ceist 10**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** straitéis a d’fhéadfadh lucht bainistíochta a úsáid chun cabhrú le fostaithe dul i dtaithí ar athrú.

1. Ní mór do lucht bainistíochta **a chur in iúl** go soiléir cén fáth a bhfuil athrú den riachtanas agus cad atá i ndán mura ndéantar aon rud faoi. Mar shampla, d’fhéadfadh an lucht bainistíochta a chur in iúl go bhféadfadh níos mó iomaíochais bheith ina bhunús le caillteanas ar an sciar den mhargadh agus le hiomarcaíochtaí agus go bhféadfadh athrú ar chleachtais oibre lena mbainfeadh níos mó táirgiúlachta bheith ina straitéis leis an bhfadhb seo a sheachaint. Laghdóidh sé éiginnteacht agus teannas i measc na bhfostaithe.

2. Ní mór do lucht bainistíochta **dul i gcomhairle** lena bhfostaithe sula ndéanfar athrú ar bith ionas go mbeidh na fostaithe níos toilteanaí na hathruithe a thabharfar isteach a ghlacadh (tuairimí a thabhairt maidir leis na cinntí atá á ndéanamh).

3. Ní mór do lucht bainistíochta **luach saothair a thabhairt** d’fhostaithe as glacadh le hathruithe, e.g. íocaíochtaí bónais agus méaduithe ar phá as ucht teicneolaíocht nua a ghlacadh agus a úsáid.

Ar na straitéisí eile a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm, cumhachtú, bainistíocht láncháilíochta (BLC), oiliúint, tá obair bhuíne, daonlathas tionsclaíoch, agus dóthain maoinithe.

# ROINN 2

**(80 marc)**

## Ceist ar an nGnó Feidhmeach

## Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 3, 4, agus 5

## Éadaí do Chách Tta

(A) **(i)** Tabhair sainmhíniú ar an ngníomhaíocht bhainistíochta 'pleanáil'.

Is éard atá i gceist le pleanáil leagan amach **spriocanna agus cuspóirí sonracha** agus cur i bhfeidhm **straitéisí a ligeann duit spriocanna agus cuspóirí sonraithe an ghnólachta a bhaint amach**.

Cuireann pleanáil iallach ar ghnólacht machnamh a dhéanamh ar an todhchaí agus ar conas a bhainfidh siad rath leanúnach amach. Tugann pleananna feidhm agus treoir do ghnólachtaí agus laghdaíonn siad riosca agus éiginnteacht.

**(ii)** Léirigh conas a théann cineálacha éagsúla pleanála chun tairbhe d'Éadaí do Chách Tta.

**1. Ráiteas Misin: Ráiteas físe** é seo a thugann breac-chuntas ar cé hiad an gnólacht, cad a dhéanann an gnólacht agus cá bhfuil an gnólacht ag dul. Tugann sé léargas do na páirtithe leasmhara ar cad é a 'spreagann' an gnólacht.

**Nasc Ábhartha:**
Mar shampla, leagann Ráiteas Misin Éadaí do Chách Tta béim ar **'éadaí faiseanta fuinniúla' chomh maith le 'luach ar airgead'**.

**2. Pleanáil Straitéiseach:** Pleanáil fhadtéarmach í seo a chlúdaíonn tréimhse cúig bliana nó níos mó. Dréachtaíonn an lucht uachtar bainistíochta í go hiondúil agus tugann sí breac-chuntas ar conas a bhainfear amach spriocanna fadtéarmacha an ghnólachta.
Téann pleanáil straitéiseach chun tairbhe d'Éadaí do Chách Tta siocair go dtugann sí tús áite do spriocanna agus do chuspóirí agus go spreagann sí smaointí straitéiseacha i measc lucht sinsearach bainistíochta.
Is úsáideach í freisin le feidhmíocht lucht bainistíochta a thomhas agus a rialú.
Bíonn a cuid spriocanna comhsheasmhach le ráiteas misin an ghnólachta.

**Nasc Ábhartha:**
Mar shampla, tá sé ar intinn ag Aoife Ní Cholla
**'a samhail rathúil ghnó a leathnú go dtí margadh éadaí na Ríochta Aontaithe'.**

**3. Pleanáil Oirbheartaíochta/Oibríochta:** Pleanáil ghearrthéarmach í seo a bhriseann an plean straitéiseach i dtréimhsí atá níos giorra agus níos éasca le láimhseáil. Déileálann siad leis an gcuid 'láithreach' den phlean.
Bainisteoirí meánleibhéil a dhéanann í a dhréachtú go hiondúil.
Téann pleananna oirbheartaíochta chun tairbhe d'Éadaí do Chách Tta siocair go n-éascaíonn siad baint amach an phlean iomláin straitéisigh/na spriocanna fadtéarmacha.

**Nasc Ábhartha:**

**'Rinneadh cinneadh le déanaí feachtas fógraíochta a chur ar bun ar an teilifís sa Ríocht Aontaithe a chraolfar i gcomhthráth le hoscailt an chéad siopa ag an gcomhlacht ar Shráid Oxford i Londain'.**

**nó**

**'Reáchtáiltear cruinnithe in aghaidh na míosa chun fás agus leathnú an ghnó a bhainistiú'.**

**4. Pleanáil Theagmhasach:** Pleanáil chúltaca í seo le déileáil le héigeandálacha/eachtraí gan choinne agus le cúinsí gan choinne. Téann pleananna teagmhais chun tairbhe d'Éadaí do Chách Tta trí bhristeacha gnólachta a chosc agus trí chaillteanas brabúis agus trí theip fhéideartha ghnó a chosc dá thairbhe.

**Nasc Ábhartha**
**'Cuireadh straitéisí ar bun sa chás go dtarlódh aon bhriseadh a d'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar na stoc riachtanach ó na soláthróirí domhanda'.**

(20 marc)

**(B)** Déan measúnú ar éifeachtacht Rannóg na nAcmhainní Daonna in Éadaí do Chách Tta.

1. Pleanáil Daonchumhachta: Is éard atá i gceist leis seo go mbeidh na daoine cearta agus na scileanna cearta agat san áit cheart ag an am ceart ar fud an ghnólachta. Ní mór iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní daonna agus na riachtanais i gcomhair acmhainní daonna amach anseo a réamh-mheas.

Ní mór don Bhainisteoir Acmhainní Daonna na hacmhainní reatha daonchumhachta a iniúchadh, riachtanais daonchumhachta a thuar, agus plean a cheapadh chun an daonchumhacht a mhéadú/laghdú.

**Nasc Ábhartha:**
**'Tá sé ag bainistiú líon na bhfostaithe go héifeachtach i gcónaí'.**

2.Earcaíocht/Roghnú: Baineann cúrsaí earcaíochta agus roghnaithe le haimsiú nó le mealladh iarrthóirí féideartha a bhfuil na scileanna oiriúnacha acu agus le piocadh na n-iarrthóirí is oiriúnaí ina dhiaidh sin le haghaidh fostaíochta.

Ní mór don Bhainisteoir Acmhainní Daonna **sainchuntas poist agus sonraíocht faoin bpearsa** a dhréachtú agus an post a fhógairt dá n-éis. Ní mór na hiarratasóirí a scagadh (a chur ar ghearrliosta). Is trí agallamh a dhéantar an roghnú de ghnáth.

**Nasc Ábhartha:**
**'D'fhógair Oilibhéar deiseanna fostaíochta ar shuíomh gréasáin an ghnólachta. Bhí foirm iarratais ar líne istigh san fhógra.'**

3.Oiliúint/Forbairt:
Baineann cúrsaí oiliúna le cumas na bhfostaithe a bpost a dhéanamh go héifeachtach a chur chun feabhais. Tugann oiliúint deis do na fostaithe a gcuid oibre a dhéanamh níos fearr. Cuireann an chuideachta infheistíocht i réimse na hoiliúna; bíonn eolas agus scileanna níos fearr i measc na bhfostaithe mar thoradh air seo. Eascraíonn seirbhís níos fearr do chustaiméirí agus eispéireas siopadóireachta níos fearr do chustaiméirí as seo freisin.

Cabhraíonn oiliúint ionduchtúcháin le fostaithe nua dul i dtaithí ar an ionad oibre (léargas ar an bpost/ar bheartais /ar rialacha na cuideachta, etc.) Ar na cineálacha oiliúna eile tá oiliúint inmheánach/sheachtrach.

Ullmhaíonn an fhorbairt na fostaithe le haghaidh freagrachtaí nua agus dúshlán níos mó san ionad oibre. Cuidíonn se le fostaithe féinachtáil.

**Nasc Ábhartha:**
**'Tá clár ionduchtúcháin cuimsitheach ar fáil sa chuideachta trí chéile'.**
**nó**
**'Tuigeann Aoife agus Oilibhéar gur gá infheistíocht a dhéanamh in oiliúint na foirne.'**

4. Breithmheas Feidhmíochta:
Is é seo an próiseas a bhaineann le **measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar dhul chun cinn, ar éifeachtacht agus ar an méid a dhéanann fostaí** don chuideachta. Cinntíonn sé go gcoinnítear ardchaighdeáin feidhmíochta sa ghnólacht, rud atá ina bhunús le rath eagraíochtúil. Soláthraíonn sé le haghaidh cumarsáid dhébhealaigh agus soiléiriú cuspóirí/tugtar aiseolas feidhmíochta do na fostaithe le deis a chruthú feabhsúcháin a dhéanamh.
Tionóltar cruinniú leis na fostaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus le spriocanna a leagan síos don todhchaí.
Is ríthábhachtach iad athbhreithnithe rialta don phróiseas um breithmheas feidhmíochta.

**Nasc Ábhartha:**
**'Uair in aghaidh na bliana buaileann pearsanra ón rannóg Acmhainní Daonna le fostaithe chun a ndul chun cinn a athbhreithniú'.**

5. Luach Saothair a Thabhairt:
Baineann luachanna saothair a thabhairt d'fhostaithe le fostaithe a íoc go maith (airgeadaíochta/neamhairgeadaíochta) as obair a rinne siad ar fónamh,lucht oibre inspreagtha a eascraíonn as seo. D'fhéadfadh pá, tuarastail, bónais, sochar comhchineáil, scair-roghanna, pleananna pinsin, ardú céime, etc. bheith i gceist.
Déanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna idirbheartaíocht ar phacáiste luach saothair gach fostaí agus coimeádann sé faoi athbhreithniú é.

**Nasc Ábhartha:**
**'Faigheann fostaithe Éadaí do Chách Tta luach maith ar a saothar agus bíonn deiseanna ar ardú céime ann dóibh siúd a bhaineann amach a gcuid spriocanna díolacháin'.**

**Measúnú**/breithiúnas eolach ag teastáil bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear sa cheist ar an nGnó Feidhmeach.

(30 marc)

**(C)** (i) Mínigh an téarma 'Taighde Margaidh'.

Is éard atá i gceist le taighde margaidh **bailiú, taifeadadh agus anailísiú córasach fíricí faoi ghné éigin den chumasc margaíochta** d'fhonn **riachtanais chustaiméirí a shainaithint agus a bhaint amach ar bhealach eolach éifeachtach**.

Cinntíonn sé go gcuirtear na hearraí cearta ar fáil ag an am ceart don mhargadh ceart ar an bpraghas ceart.

I measc na gcúiseanna a ndéantar taighde margaidh tá siad seo a leanas: iomaíochas/deiseanna nua/fás gnó/cinnteoireacht/íoslaghdú riosca, etc.

(ii) Déan anailís ar conas is féidir le Taighde Deisce **agus** Taighde Allamuigh a gcion a dhéanamh chun Éadaí do Chách Tta a choimeád rathúil.

Taighde Deisce

- Baineann rochtain ar **fhaisnéis a bailíodh cheana féin** le taighde deisce.
  Taighde tánaisteach atá ann agus d'fhéadfadh sé bheith inmheánach nó seachtrach.

- Tá taighde deisce measartha saor; coinníonn sé seo na costais síos agus cinntítear gnólacht iomaíoch dá bharr.

- Ar na cineálacha éagsúla taighde deisce atá ann tá an tIdirlíon, tuarascálacha inmheánacha díolacháin, tuarascálacha trádála, foilseacháin na Príomh-Oifige Staidrimh (POS), nuachtáin, etc.

- Ní mór don chuideachta iarracht a dhéanamh a sciar den mhargadh a chosaint/iomaíochas a choinneáil amach le leanúint ar aghaidh mar ghnólacht lena ngabhann 'méid mór díolacháin agus corrlach beag díolacháin'. Is féidir le taighde deisce faisnéis a fháil faoi iomaitheoirí.

  Páirt: Patrúin chaiteachais tomhaltóirí (fíricí/figiúirí)
  Thabharfadh na taifid ar dhíolacháin laethúla de chuid Éadaí do Chách Tta le fios dá n-athródh patrúin chaiteachais na dtomhaltóirí agus chuirfeadh an POS figiúirí domhanda ar fáil faoi threochtaí sa tionscal faisin, iompraíocht na n-iomaitheoirí, agus sonraí faoi dhaonra bailte (i.e. aois, inscne, struchtúr teaghlaigh, etc.) ina bhféadfadh brainsí a chur ar bun. Cuirtear sonraí cainníochtúla ar fáil.

**Nasc ábhartha:**
**'Coinnítear súil ghéar ar irisí faisin agus ar an gclúdach a dhéantar iontu ar na treochtaí faisin is déanaí ag na dearthóirí ar na hardáin taispeána, na 'catwalks', in Milan, i bPáras agus i Londain.'**

**nó**

**'Déantar anailís go síoraí seasta ar dhíolacháin laethúla an chomhlachta agus ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) maidir le méid an mhargaidh agus le patrúin chaiteachais na dtomhaltóirí.'**

Taighde Allamuigh

Téitear taighde allamuigh isteach in áit an mhargaidh le **faisnéis ghnó/nua a fháil go pearsanta**. Taighde príomhúil atá ann a dtugtar faoi ach teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na custaiméirí/ le daoine a d'fhéadfadh a bheith ina gcustaiméirí.

- Bíonn sé costasach agus glacann sé cuid mhór ama, ach tugann sé faisnéis shonrach faoi iompraíocht na spriocthomhaltóirí.

- Tá suirbhéanna, breathnóireacht, ceistneoirí agus painéil chustaiméirí i measc na modhanna a d'fhéadfaí a úsáid.

  Is féidir le <u>suirbhéanna</u> a mbíonn baint ag agallaimh phearsanta agus/nó ceistneoirí leo le sciar den daonra bheith an-éifeachtach le faisnéis mhionsonraithe faoi roghanna, iompraíochtaí agus dearcthaí na dtomhaltóirí sa mhargadh, etc. a rochtain agus a bhailiú.

  Is éard atá i gceist leis an m<u>breathnóireacht</u> féachaint ar chustaiméirí i mbun a ngnó, e.g. líon na gcustaiméirí a phiocann táirge ar leith le linn tréimhse ar leith sa siopa. D'fhéadfadh amanna fada scuaine agus díolacháin chaillte a thabhairt faoi deara le linn na breathnóireachta sa siopa chomh maith. D'fhéadfaí é seo a chur ina cheart ina dhiaidh sin d'fhonn riachtanais chustaiméirí a shásamh agus d'fhonn rath leanúnach gnó a chinntiú.

  Páirt: Dearcthaí agus tuairimí na dtomhaltóirí.
  Cuirtear eolas le linn taighde allamuigh in Éadaí do Chách Tta ar dhearcthaí agus ar thuairimí a gcuid custaiméirí agus tig leo athruithe sonracha a chur i bhfeidhm ar a siopaí/táirgí/foireann bunaithe ar an aiseolas a fhaightear.
  Ligeann an cineál taighde seo don chuideachta freastal ar riachtanais a gcustaiméirí ar bhealach níos éifeachtaí, rud a spreagann dílseacht na gcustaiméirí agus a mhéadaíonn brabús an ghnólachta. Sonraí cáilíochtúla.

  **Nasc ábhartha:**
  **Déanann an rannóg margaíochta suirbhéanna ar chustaiméirí go rialta.**
  **nó**
  **Tá nós ag Aoife anois cuairt a thabhairt gan choinne ar shiopaí an chomhlachta chun monatóireacht a dhéanamh ar na díolacháin, ar iompar na bhfostaithe agus ar threochtaí custaiméara.**

(30 marc)

**(80 marc)**

## ROINN 3
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **Amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# Cuid 1

**Ceist 1**

**(A)** Tabhair breac-chuntas, le samplaí, ar an gcaidreamh is féidir a bheith ann idir 'infheisteoirí' agus 'fiontraithe' i ngnó.

- Páirtithe leasmhara i ngnólacht iad infheisteoirí agus fiontraithe.
  Braitheann siad ar a chéile; braitheann an fiontraí ar an infheisteoir le haghaidh airgeadais agus braitheann an t-infheisteoir ar an bhfiontraí le haghaidh toraidh ar a (h)infheistíocht.
  Tugann infheisteoirí **airgeadas** don ghnólacht( scairshealbhóirí/ bainc/comhlachtaí Stáit) agus bíonn siad ag dréim le toradh óna n-infheistíocht.
  Is iad na fiontraithe na daoine a ghlacann an riosca. Bíonn siad **tionscantach** an gnólacht a bhunú agus iad dóchasach go ndéanfar brabús as.

  Caidreamh **comhoibritheach** – oibriú le chéile le comhsprioc a bhaint amach/gníomhú ar bhealach a théann chun tairbhe do gach páirtí (bua ag gach taobh).
- Is **comhoibritheach** an caidreamh nuair a thugann an fiontraí faisnéis oscailte thrédhearcach mhacánta don infheisteoir, e.g. pleananna cruinne gnó agus tuartha sreafa airgid i gcomaoin airgeadais ón infheisteoir ar ráta réasúnta.

- Caidreamh **iomaíoch** – Bíonn an sprioc chéanna ag an dá thaobh ach ní bhaineann ach ceann amháin acu amach í. Déanann an dá pháirtí iarracht a gcuid a fháil ar an gceann eile (bua ag taobh amháin).
  Téann an fiontraí agus an t-infheisteoir san iomaíocht lena chéile. Bíonn an fiontraí toilteanach tuilleadh rioscaí a ghlacadh leis an ngnólacht a fhorbairt agus le leas a bhaint as an mbrabús le haghaidh fairsingiú. Ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfadh sé bheith de mhian ag an infheisteoir an brabús a íoc amach go rialta (níos lú riosca/sábháilteacht na hinfheistíochta).

(15 mharc)

**(B)** (i) Tabhair breac-chuntas ar chearta tomhaltóirí faoi théarmaí an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.

**Earraí**

Ní mór do na hearraí bheith i Riocht Díola – ba chóir dóibh a bheith ar chaighdeán réasúnta / de cháilíocht réasúnta nuair a chuirtear san áireamh an rud atá siad ceaptha a dhéanamh, a mbuanfas agus a bpraghas.

Ní mór d'earraí bheith oiriúnach don fheidhm a bheartaítear.
Ciallaíonn sé seo nach mór do na hearraí bheith in ann cibé rud a dhéanamh ar cheart dóibh a dhéanamh agus ar ceapadh dóibh a dhéanamh (i.e. **oiriúnach don fheidhm áirithe a bhfuil sé ar intinn ag an gceannaitheoir iad a úsáid lena haghaidh**). Mar shampla, ba cheart do chasóg uiscedhíonach agus do loirgneán an bháisteach a choinneáil amach. Ní mór do chuisneoir/reoiteoir bheith ábalta bia a reo.

Ní mór earraí a dhíol faoi mar a thuairiscítear iad ag an díoltóir, sa chatalóg/pacáiste nó sa sampla.
Mar shampla, má ordaíonn tomhaltóir páipéar balla gorm bláthach ó chatalóg, ní thig leis bheith órga agus gan phatrún nuair a sheachadtar é.

**Seirbhísí**

Ní mór seirbhísí a chur ar fáil le haire chuí agus le cúram cuí. Fágadh carr sa gharáiste faoi choinne lánseirbhísiú ach níor athraíodh an ola.
Níor mhór go mbeadh an inniúlacht agus na scileanna riachtanacha ag soláthróir seirbhíse.
Sa mhullach air sin, ní mór d'aon ábhair a úsáidtear i seachadadh na seirbhíse bheith i riocht díola.

**Forálacha Eile**

Earraí gan Iarraidh/Díol gan Iarraidh
Is neamhdhleathach é má éilíonn soláthróir íocaíocht le haghaidh earraí gan iarraidh. Earraí iad seo a chuirtear chuig duine éigin cé nach bhfuarthas ordú uathu. Má chuireann cuideachta ní éigin chugat nár ordaigh tú agus mura soláthraíonn siad le haghaidh postais ar ais, ní thig leo sonrasc a thabhairt duit i gcomhair an táirge sin, e.g. Club Leabhar. Gníomh neamhdhleathach é an t-éileamh seo agus tá cearta sonracha ag an tomhaltóir. Tá ceart aige na hearraí a choinneáil gan íocaíocht tar éis tríocha lá má chuir an tomhaltóir fógra i scríbhinn chuig an seoltóir agus má chuir sé áit bhailithe lena n-aghaidh in iúl dó.

Ní thig le comharthaí amhail 'Nótaí Sochair Amháin', 'Aisíocaíochtaí Airgid ar Bith', 'Malartú ar Bith', etc. cur isteach ar chearta tomhaltóirí ná teorainn a chur leo faoin Acht. Ní dhéanann na comharthaí seo difear do chearta reachtúla tomhaltóirí. Ní aisíocaíocht é nóta sochair de bharr go gceanglaítear ort an t-airgead a chaitheamh sa siopa sin.

Breathnaítear ar ráthaíochtaí mar ní sa bhreis (cosaint bhreise) a thugtar don tomhaltóir agus ní thig leo teorainn a chur leis na cearta tomhaltóirí faoi dhlíthe na dtomhaltóirí. Ní mór don ráthaíocht na hearraí a chlúdaítear, an tréimhse atá i gceist agus an nós imeachta chun éilimh a dhéanamh a léiriú go soiléir.

Pointí eile a d'fhéadfaí a lua: Úinéireacht agus seilbh shítheach/Freagracht an mhiondíoltóra.

(ii) Léirigh **dhá** chineál sásaimh atá ar fáil do thomhaltóirí má sháraítear an tAcht.

Braitheann an cineál sásaimh ar **cé chomh tromchúiseach atá an locht**, ar an am a tharla sé **agus ar cá fhad tar éis an cheannaigh a rinneadh an gearán**. Má bhíonn an gearán bailí, tá an tomhaltóir i dteideal ceann de na trí A – aisíocaíocht, athsholáthar earra agus athchóiriú.

Má cheannaíonn tomhaltóir **earra lochtach agus má dhéanann sé gearán go luath**, tá sé/si i dteideal lán-aisíocaíocht airgid nó athsholáthar earra. Mar shampla, má cheannaíonn tomhaltóir oigheann micreathonnach agus mura n-oibríonn an t-amadóir (níl sé i riocht díola), tá sé/si i dteideal lán-aisíocaíocht an airgid a d'íoc sé as. D'fhéadfaí athsholáthar earra a chur ar fáil freisin, e.g. tugtar samhail nua den earra chéanna nó ceann ar comhchaighdeán ina áit.

I gcás go mbaineann an tomhaltóir úsáid as an táirge, agus go bhfuil **moill idir an dáta ceannaigh agus an gearán iarbhír nó nuair nach bhfuil i gceist ach locht beag**, b'fhéidir nach mbeadh an tomhaltóir i dteideal ach páirt-aisíocaíocht nó athchóiriú.

Bíonn níos lú ceart ag an tomhaltóir a fhaide a chuireann sé/sí an gearán siar.

(30 marc)

**(C)** Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí aighneas idir fostóir agus fostaí a réiteach ar bhealach neamhreachtúil.

Ba chóir go mbeadh cur chuige neamhreachtúil mar an chéad straitéis a chuirfí i bhfeidhm i dtaca le réiteach aighnis idir fostaithe agus fostóir.
Ciallaíonn sé seo nach mbaineann na páirtithe faoi chaibidil leas as aon dlí ná as foras arna bhunú faoin dlí leis an aighneas a réiteach.

Cruinniú agus caint. Eagraítear **cruinniú** idir an fostaí aonair agus a f(h)ostóir le hiarracht a dhéanamh plé a dhéanamh ar an gcás agus aon deacrachtaí a shoiléiriú. D'fhéadfaí cúnamh a fháil ón stíobhard ceardlainne agus/nó ón mBainisteoir Acmhainní Daonna (gnás casaoide). Féadfaidh an fostaí cabhair a lorg ó cheannoifig an cheardchumainn agus féadfaidh an fostóir cúnamh a iarraidh ó IBEC.

Idirbheartaíocht/comhaontú
Téann siad siúd atá i ndíospóid i mbun cainteanna le hiarracht a dhéanamh réiteach a fháil ar a bhfadhb. Cuireann an fostóir agus an fostaí roinnt tairiscintí agus fritairiscintí le chéile a bhfuil mar aidhm acu teacht ar chomhréiteach. Ní mór don bheirt acu bheith ar an eolas faoina mbunlíne agus ar a rogha toradh. Ní mór dóibh bheith ullmhaithe le **lamháltais/comhréitigh** a dhéanamh. Ní mór clár ama a chur le chéile le haghaidh chríochnú an phróisis idirbheartaíochta.

Idirghabhálaí Neamhspleách Tríú Páirtí:

- Idir-réiteach. Labhróidh an réiteoir leis an bhfostóir agus leis an bhfostaí ar leithligh an chéaduair agus ansin i gcuideachta a chéile; beidh sé ábalta béim a leagan ar thuairimí a chéile an tslí seo. Molann an réiteoir do na páirtithe an díospóid a réiteach trí idirbheartaíocht leanúnach.

- Idirghabháil. Cuireann an t-idirghabhálaí a t(h)ograí/moltaí féin i láthair leis an aighneas a réiteach. Is cineál fónta idirghabhála í má bhíonn an dá pháirtí 'in adharca a chéile' agus nach bhfuil siad sásta éisteacht lena chéile a thuilleadh. Ní mór do na páirtithe féin an díospóid a réiteach, áfach.

- Eadráin. Maidir le headráin, comhaontaíonn an dá pháirtí san easaontas roimh ré le hidirghabháil, le himscrúdú agus le breithiúnas tríú páirtí neamhspleách. Comhaontaíonn siad roimh ré freisin ar cibé acu ba cheart do thoradh na headrána bheith ceangailteach nó neamhcheangailteach.

(15 mharc)

**(60 marc)**

**Ceist 2**

**(A**) Déan plé ar na slite a dtéann méadú ar an dífhostaíocht i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

- Laghdaítear an t-**éileamh** ar earraí agus ar sheirbhísí agus d'fhéadfadh gnólachtaí scor den ghnó.

- De bharr go bhfuil **níos lú ioncam lánroghnach** ag daoine, caithfidh daoine airgead ar earraí riachtanacha ach caithfear in aer earraí só agus is é brabús laghdaithe gnó a bheidh ina thoradh air seo, e.g. níos lú gluaisteán nua agus níos lú laethanta saoire thar lear á gceannach.

- Tiocfaidh **méadú ar chaiteachas reatha** an Rialtais de bharr go mbeidh daoine dífhostaithe ag síniú a n-ainmneacha don dól agus ag éileamh sochair leasa shóisialta.

- **Eisimirce agus laghdú ar inimirce** / Imirce daoine oilte (saothar oilte á easpórtáil). Táimid thíos leis an imirce is mó amach ón tír i dtaobh glanmhéide de ó bhí tráth déanach na n-ochtóidí ann.

- Laghdófar **ioncam/fáltas cánach an Rialtais** faoi mar a thiocfaidh laghdú ar fháltais ó ollfhoinsí cánachais, e.g. tiocfaidh laghdú ar fháltais CBL mar go mbeidh níos lú caiteachas tomhaltóirí agus laghdófar fáltais ÍMAT siocair go bhfuil níos lú daoine i mbun fostaíochta agus ag íoc as cáin ioncaim dá thairbhe.

- Tiocfaidh méadú ar na **costais shóisialta** a ghabhann leis an dífhostaíocht. Eascraíonn díothacht shóisialta, méadú ar an gcoireacht, alcólacht agus mí-úsáid drugaí as an dífhostaíocht. Tig le caiteachas méadaithe don rialtas ar shláinte agus ar dhlí agus ord eascairt as seo.

- **Easpa Muinín Ghnó.** Is ann do níos lú fiontraíochta sa gheilleagar de thairbhe gur tugadh buille d'fhéinmheas agus do mhuinín na ndaoine. Baineann sé seo dá gcaighdeán maireachtála agus d'fhéadfaidís a gcuid spreagtha a chailleadh dá bharr, gníomh as a n-eascraíonn níos lú cruthaitheachta, nuálaíochta agus fiontraíochta.

- Is féidir le dífhostaíocht fhadtréimhseach bheith ina bonn **le cailleadh scileanna** i measc líon mór oibrithe**.**

(20 marc)

**(B)** Déan cur síos ar na céimeanna a bhaineann le bunú *'Cuideachta Phríobháideach Theoranta'*.

Leagtar amach in Achtanna na gCuideachtaí 1963-1999 na rialacha, rialacháin agus na nósanna imeachta lena mbaineann cuideachta phríobháideach theoranta a bhunú.

Ní mór doiciméid áirithe dlí a réiteach i gcomhar le dlíodóir. Ina measc seo áirítear:

**-An Meabhrán Comhlachais.** Leagtar amach sa doiciméad seo **an bhaint atá ag an gcuideachta agus ag an bpobal mór lena chéile**.
Áirítear leis ainm na cuideachta agus 'Tta' ag a deireadh, a thugann dliteanas teoranta le tuiscint chomh maith le cuspóirí na cuideachta.
Áirítear leis sínithe na ndaoine a chruthaigh an chuideachta chomh maith leis an gclásal faoi scairchaipiteal údaraithe.

**-Na hAirteagail Chomhlachais.** Leagtar amach sa doiciméad seo **rialacha agus rialacháin inmheánacha** na cuideachta. Déantar cur síos ann ar na nósanna imeachta vótála le haghaidh cruinnithe. Leagtar amach ann an córam riachtanach le haghaidh cruinniú bailí. Leagtar amach ann na meicníochtaí le haghaidh stiúrthóirí agus iniúchóirí a thoghadh agus a ionadú mar aon lena gcuid dualgas agus cumhachtaí.

**- Foirm A1.** D'áireofaí leis seo, mar shampla, ainm na cuideachta, an seoladh cláraithe, sonraí faoin rúnaí agus faoi na stiúrthóirí, **dearbhú reachtúil go gcloífidh an chuideachta le dlí cuideachtaí na hÉireann.** Luaitear ann scairchaipiteal údaraithe agus eisithe na cuideachta.

-Seoltar na doiciméid ansin faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí a dhéanann iniúchadh orthu. Más dóigh leis go bhfuil gach aon rud in ord, eiseoidh sé **'deimhniú corpraithe'** don chuideachta. Is éard atá ann, dáiríre, teastas breithe gnólachta nó ceadúnas le tosú ag trádáil mar chuideachta phríobháideach theoranta. Tá an gnólacht corpraithe faoin am seo agus tá a fhéiniúlacht ar leith dlí aige i dtaobh cúrsaí dlí de, agus ciallaíonn seo gur féidir leis an ngnólacht agairt a dhéanamh nó gur féidir agairt a dhéanamh i leith an ghnólachta in ainm féin an ghnólachta.

(20 marc)

**(C)** (i) Mínigh an téarma 'Forbairt Pobail'.

Is éard atá i gceist le forbairt pobail forbairt ceantar áitiúil agus pobal áitiúil i dtaobh cúrsaí **sóisialta agus geilleagracha** trí iarrachtaí saoránach áitiúil agus cónaitheoirí áitiúla. Baineann comhghníomhaíochtaí léi d'fhonn spriocanna inmhianaithe an phobail a bhaint amach. Déantar iarracht réiteach a fháil ar a gcuid fadhbanna geilleagracha/sóisialta le meanma fiontraíochta agus féintuilleamaí.

Tá an fhorbairt pobail í féin **lonnaithe go háitiúil** agus tá foireann/eagraíocht phobail áitiúil i gceannas uirthi a chuireann plean forbartha pobail i dtoll a chéile mar aon le hairgeadas a ghnóthú trí dheontais ó ghníomhaireachtaí stáit.

Tá forbairt pobail bunaithe ar **fhéinchúnamh** seachas bheith ag brath ar an rialtas nó ar ghníomhaireachtaí lasmuigh cabhrú leo forbairt a dhéanamh. Is é cuspóir na forbartha pobail barr feabhais a chur ar an mbonneagar áitiúil sóisialta agus geilleagrach.

(ii) Déan measúnú ar na seirbhísí a chuireann 'Boird Fiontar Contae agus Cathrach' (CEBs) ar fáil.

<u>1. Tacaíochtaí gnó:</u> Cláir chomhairle/mheantóireachta, (i.e. comhairle agus treoir dhuine le duine); cláir oiliúna (ceardlanna um fhorbairt scileanna gnó); Gréasáin ghnó/ Mhná i mBun Gnó; Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn.

<u>2. Tacaíochtaí airgeadais:</u> Deontas indéantachta/nuálaíochta €20,000 sa chás gur féidir leis an bhfiontraí 50% den chostas ar a laghad a mheaitseáil. Tá deontais airgeadais tionscnaimh nó deontais um fhairsingiú gnólachta a mhéid agus €80,000 ar fáil do thrádálaithe aonair, do chomhpháirtíochtaí, do chuideachtaí pobail nó do chuideachtaí teoranta. Is féidir deontas airgeadais tionscnaimh a bhronnadh ar chliaint incháilithe laistigh den chéad 18 mí tar éis bhunú an ghnólachta. Tá fáil ar chúnamh um fhairsingiú gnólachta do chuideachtaí atá ar an bhfód le breis agus 18 mí.

**Measúnú ag teastáil.**
-Gníomhaireacht stáit atá i mbord fiontar contae atá freagrach as cabhrú le fiontraithe ar mian leo **gnólachtaí beaga/micreaghnólachtaí a bhunú (10 bhfostaithe ar a mhéid)** agus fostaíocht a chruthú ina gcontae/"Siopa an Chéad Stad" ('First Stop Shop'), e.g. Bord Fiontar Contae Fhine Gall. Le linn na gcúinsí reatha eacnamaíochta, tá an Rialtas ag spreagadh gnólachtaí beaga de bharr go gcuireann said fostaíocht áitiúil ar fáil. Tugann CEBanna tréantacaíocht do na gnólachtaí beaga seo.

–Éiríonn le CEBanna ar an ábhar go bhfuil siad suite **go huathúil chun tuiscint a bheith acu ar na riachtanais áitiúla** de thairbhe go dtuigeann siad cúlra agus cuntas teiste iad siúd a chuireann isteach ar thacaíocht agus ar chabhair.

–Tosaíocht de chuid an Rialtais is ea fostaíocht a chruthú, agus nuair a bhíonn tacaíocht á tabhairt ag CEBanna **déanann siad tosaíocht de na cuideachtaí sin ar dócha go gcruthóidís fostaíocht**, ar nós cuideachtaí déantúsaíochta, cuideachtaí a d'fhéadfadh bheith ag easpórtáil earraí agus/nó cuideachtaí lena mbaineann nuálaíocht.

(20 marc)

**(60 marc)**

**Ceist 3**

**(A)** Déan plé ar conas a théann nádúr athraitheach an gheilleagair idirnáisiúnta i gcion ar lucht onnmhairithe na hÉireann.

Bhí tionchar dearfach ag **athruithe ar an teicneolaíocht** ar lucht onnmhairithe (easpórtála) na hÉireann nuair a rinne siad an chumarsáid níos fusa agus bhíothas in ann chumarsáid a dhéanamh láithreach bonn ar fud an domhain.
Tá lucht easpórtála na hÉireann in ann a gcuid earraí a chur ar an margadh idirnáisiúnta a bhuíochas leis an idirlíon.
Is féidir cruinnithe a bheith ar siúl agus gan ach codán den chostas a bheadh ar ghnáthchruinniú a íoc a bhuíochas le físchomhdháil. Is féidir cumarsáid mheandrach, shaor agus iontaofa a dhéanamh a bhuíochas le ríomhphoist.

Chruthaigh **oscailt margaí nua atá ag teacht chun cinn** deiseanna nua do lucht easpórtála na hÉireann, i limistéar an bhia agus na ndeochanna ach go háirithe, mar shampla, an tSín – an dara geilleagar is mó ar domhan, a sháraíonn fiú an tSeapáin. Chuaigh sé seo, i dteannta gluaiseachta i dtreo saorthrádáil idirnáisiúnta faoin Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) chun sochair an lucht easpórtála de bharr gur baineadh baic ar thrádáil, mar shampla, cuótaí agus taraifí.

Dúshlán iomaíochta is ea **an fás faoin domhandú** agus gnólachtaí domhanda a dhéanann earraí ardchaighdeáin a tháirgeadh ar saorphraghsanna do lucht easpórtála na hÉireann. Beidh ar ghnólachtaí easpórtála na hÉireann éirí níos éifeachtúla agus infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus forbairt d'fhonn táirgí a sholáthar ag a bhfuil gné uathúil dhíolacháin (USP) chun an bhagairt iomaíoch ó ghnólachtaí domhanda a shárú.

**Laghdú ar an bhfáil ar chreidmheas** le haghaidh gnólachtaí Éireannacha a d'eascair as an gcúlú eacnamaíochta domhanda atá ann faoi láthair. Tá stró ar lucht easpórtála na hÉireann teacht ar airgead ó bhainc agus tá a mbuiséid um margaíocht idirnáisiúnta thíos leis mar thoradh air seo.

**Luaineacht sa Ráta Malairte/Airgeadra**. De réir mar a théann an Euro (€) chun treise i leith an Phuint Steirling (£) agus Dhollar na Stát Aontaithe ($), éiríonn easpórtálacha na hÉireann níos costasaí agus bhí sé seo ina bhonn le maolú ar dhíolacháin leis na margaí ríthábhachtacha idirnáisiúnta seo.

**Tá ráta íseal cánach corparáide 12.5% na hÉireann faoi bhrú** ó thráth idirghabháil an CAI(IMF)/AE i leith. Dá dtiocfadh méadú ar ár ráta cánach corparáide, bheadh cáin ní ba mhó le híoc ag cuideachtaí easpórtála na hÉireann, go príomha na cuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha, agus ní bheifí chomh brabúsach céanna agus seans go mbogfaidís go háiteanna eile.

**Iomaíochas ó thíortha nua an AE**: Tá tíortha in Oirthear na hEorpa, ar nós Phoblacht na Seice, na hUngáire, agus Phoblacht na Slóvaice i ndiaidh a ngeilleagair a fhairsingiú i leith fórsaí margaidh. Cuireann sé seo dúshlán ar leith roimh lucht easpórtála na hÉireann de bharr gur sár-tháirgeoirí táirgí talmhaíochta iad na tíortha seo agus gur féidir leo ardchaighdeán a chur ar fáil ag praghas níos ísle don tomhaltóir Eorpach.

(20 marc)

**(B)** Léirigh conas atá comhlachtaí trasnáisiúnta eachtracha (i.e. comhlachtaí a dhéanann infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) ) tar éis dul i gcion ar gheilleagar na hÉireann.

**Fostaíocht dhíreach**, e.g. tá thart ar 150,000 duine fostaithe go díreach ag comhlachtaí ilnáisiúnta eachtracha in Éirinn. Meachtáin gur fhéadfadh FDI's fostaíocht indíreach a mhéadú de bhreis agus dhá uair an oiread sin. Céimithe ardoilte a fhostú, a mhéid agus leibhéal PhD, gníomh a chuirfeadh cosc ar imirce daoine oilte ón tír. Tá go leor de na céimithe seo ag plé le taighde agus forbairt (R&D), limistéar tábhachtach i ngnólachtaí ilnáisiúnta.

**Ioncam cánach** don Rialtas, e.g. íocann trasnáisiúntaigh cáin chorparáide 12.5% ar a gcuid brabús. Straitéis lárnach Rialtais is ea an t-ísealráta cánach corparáide maidir le FDI a mhealladh.

**Tionchar dearfach seachtháirge** ar an ngeilleagar áitiúil agus ar ghnólachtaí dúchasacha. Déanann siad a gcuid ionchuir a fhoinsiú ó chomhlachtaí baile sa chás gur féidir, agus méadaítear fostaíocht sna gnólachtaí sin dá bharr. Déanfar meantóireacht ar ghnólachtaí na hÉireann chun é seo a bhaint amach. Baineann tacsaithe áitiúla, gnólachtaí lónadóireachta, glantóirí, gnólachtaí slándála, tithe tábhairne áitiúla agus bialanna uile sochar as cuideachta thrasnáisiúnta bheith ina gceantar áitiúil.

**Clú na hÉireann a fheabhsú** agus feidhmiú mar chatalaíoch le haghaidh breis FDI. De bharr go bhfuil mórláithreacht ag comhlachtaí ar nós Intel agus Google anseo linn, is féidir an tátal a bhaint as gur áit mhaith í Éire le gnó a dhéanamh ann (cáilmheas idirnáisiúnta).

Tabhair **bunachar eolais agus saineolas gnó go hÉirinn** i dtaobh córais bhainistíochta agus cultúr eagraíochtúil. Tugtar isteach an teicneolaíocht is nua bunaithe ar thaighde ar tugadh faoi i dtíortha eile agus ar an ábhar sin, ní gá an oiread sin a chaitheamh ar thaighde agus forbairt. Baineann bainisteoirí na hÉireann taithí amach agus foghlaimíonn siad ó na feidhmeannaigh ghnó iasachta seo.

Tá **rochtain éasca** ag sár-chomhlachtaí ardteicneolaíochta **ar mhargaí idirnáisiúnta.**
Ceaptar go bhfuil roinnt comhlachtaí FDI ag plé le **tionscadal gan chuing** agus gan aon dílseacht á léiriú d'Éirinn. D'fhéadfaidís fágáil láithreach bonn má bhíonn costais oibriúcháin níos ísle in áit eile. Bhí aistriú DELL ó Luimneach go dtí an Pholainn ina bhonn leis na mílte caillteanas post i gceantar Luimnigh.

Foghlaimíonn fostaithe Éireannacha de chomhlachtaí ilnáisiúnta eachtracha na dea-chleachtais ghnó agus teicneolaíochta. Déanann an ceangal seo an saol níos fusa d'fhiontraithe ardchumasacha a ngnólachtaí féin a bhunú, agus **meanma fhiontraíoch a chur chun cinn** leis sin.

**Aisdúichiú brabús**, a chiallaíonn go dtugtar an rachmas amach as geilleagar na hÉireann.

**Tionchar dearfach ar Chomhardú na Trádála** – Tugann siad leo a gcuid pleananna féin gnó chomh maith lena margaí réamhdhéanta easpórtála. As comhlachtaí ilnáisiúnta eachtracha a thagann a mhéid agus 80% d'easpórtálacha na hÉireann (thart ar 50% ó 5 chomhlacht). De thoradh ar a n-easpórtálacha substaintiúla, ní raibh fadhb ag Éirinn maidir le Comhardú na nÍocaíochtaí le roinnt mhaith blianta anuas.

(25 marc)

**(C)** Déan measúnú ar an ról a bhíonn ag 'grúpaí sainleasa' i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh (AE). Bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra.

**Sainmhíniú:** Grúpaí sainleasa iad grúpaí **a dhéanann iarracht dul i gcion ar an bpróiseas polaitíochta agus cinnteoireachta** ach **ní cuid iad de na struchtúir aitheanta pholaitíochta.**

I measc na **modhanna lena nglacann siad** tá brústocaireacht, feachtais faisnéise agus agóidí poiblí mar iarracht dul i gcion ar chinnteoireacht an AE.
Tá feidhm thábhachtach ag Grúpaí Sainleasa i bpróiseas cinnteoireachta an AE, go háirithe i rith chéim an chomhairliúcháin.

Bíonn **brústocaireacht** ar bun ag Grúpaí Sainleasa, arb é seo an iarracht de bhun tola chun dul i gcion ar an bpróiseas cinnteoireachta trí dhearcadh ar leith a chur chun cinn. Cinntíonn an bhrústocaireacht seo go n-áirítear riachtanais na nGrúpaí Sainleasa sa chéim dhréachtaithe um fhoirmiú beartais.

Tá oifigí buana ag roinnt Grúpaí Sainleasa sa Bhruiséil agus in Strasbourg agus cuireann siad brú ar Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa agus ar an gCoimisiún trí bhrú ó na meáin agus trí léirsithe.

**Samplaí**
Déanann an ICTU iarracht dul i gcion ar chinnteoireacht agus ar bheartais an AE i ndáil le fostaíocht, leis an íosphá agus le cairt shóisialta an Aontais Eorpaigh.
Thug an IFA faoi dhian-bhrústocaireacht sa Bhruiséil le solúbthacht níos fearr a bhaint amach maidir le cuótaí bainne sula gcuirfear ar ceal iad in 2015.

**Measúnú ag teastáil**

(15 mharc)

**(60 marc)**

**Ceist 4**

**(A)** Pléigh **ceithre** scil fiontraíochta a bheidh ag teastáil ó Cholm le linn dó an tionscnamh pobail áitiúil seo a fhorbairt.

Oibríonn Colm ar bhealach fiontraíoch ach ar mhaithe le leas sóisialta nó poiblí in áit airgead/brabús a thuilleamh. Is é an cuspóir atá aige difear a dhéanamh in ionad brabús a dhéanamh.

<u>1.Cumarsáid/aiseolas: (Ag labhairt, ag éisteacht agus ag scríobh – chun é a chur ar a chumas dul i dteagmháil le hoibrithe deonacha/urraitheoirí etc.</u>)

- Teastaíonn scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta ó Cholm chun é a chur ina luí ar ghnólachtaí airgead a dheonú lena choiste um bailte slachtmhara.
- Beidh scileanna maithe cumarsáide de dhíth ar Cholm chun cabhrú leis a fhoireann a inspreagadh chomh maith le daoine a spreagadh chun bheith ina n-oibrithe deonacha.
- Beidh ar Cholm bheith mar chumarsáidí éifeachtach nuair a labhróidh sé ar an raidió áitiúil agus nuair a scríobhfaidh sé ailt le haghaidh nuachtáin áitiúla.

2. Ceannaireacht/Tarmligean/Caidreamh Daonna

Is éard a bhaineann le ceannaireacht cabhrú le daoine agus iad a stiúradh d'fhonn a chinntiú go dtugtar faoi obair go héifeachtach ionas gur féidir cuspóirí a bhaint amach.

Beidh ar Cholm dul i gcion go dearfach ar a fhoireann ionas go n-oibreoidh siad go deonach le cuspóirí an ghrúpa a bhaint amach.

Beidh ar Cholm comhréitigh ar fhadhbanna/tarmligean a spreagadh.

Spreagfaidh Colm na hoibrithe deonacha moltaí a chur ar aghaidh/cultúr infhiontraíoch a chur chun cinn.

3.Nuálaíocht/Cruthaitheacht

- Beidh ar Cholm smaointe nua a chruthú d'fhonn go mbeidh rath ar a thionscnamh pobail áitiúil. Beidh air teacht ar ghné uathúil dhíolacháin (USP) lena shráidbhaile áitiúil a idirdhealú ó chinn eile d'fhonn go mbeidh gné ar leith aige san iomaíocht. Ní mór dó bheith cruthaitheach i dtaobh deiseanna a thabhairt faoi deara.

4.Cinnteoireacht/Cinntitheach

- Ní mór go mbeidh cumas maith ag Colm maidir le cásanna a mheas, roghanna a shainaithint, na buntáistí agus míbhuntáistí a chur i gcomparáid le chéile agus an cinneadh a dhéanamh faoin rogha is fearr.
- Beidh ar Cholm cinntí a dhéanamh faoi liúntas buiséid, tosaíochtaí aeistéitiúla (e.g. raonta rothar, forbairt pháirc baile etc.), agus faoi phearsanra a bheidh ar a fhoireann chomh maith le stíl cheannaireachta.

5.Pleanáil agus Beartú Spriocanna/Réiteach Fadhbanna/Bainistíocht Ama.

- Seans go mbeidh ar Cholm tabhairt faoi anailís LLDB (SWOT) ar a shráidbhaile, saghas iniúchta comhshaoil, féachaint conas mar atá cúrsaí ina leith seo.
- D'fhéadfadh plean fadtéarmach straitéiseach bheith ag Colm gan ach díreach bheith san iomaíocht i gcomórtas na mbailte slachtmhara, ach an comórtas a bhuachan i ndiaidh cúig bliana. D'fhéadfadh go mbeifí ag díriú ar shochair fhadtéarma seachas an brabús gearrthéarma airgeadais.
- D'fhéadfadh Colm a phlean straitéiseach a bhaint amach trí thabhairt faoi phleananna níos giorra oirbheartaíochta, ar nós:
  - Imeachtaí tiomsaithe airgid le linn na bliana.
  - Glantacháin maidin Shathairn thar thréimhse shé mhí.
  - Taispeántais bhláthanna, comharthaíocht etc.
- Beidh ar Cholm bheith in ann fadhbanna a réiteach agus fiontraí réiteach-dhírithe a dhéanamh de féin. Mar shampla, teacht ar réitigh ar chlonscairtí pearsantachta laistigh dá fhoireann agus oibriú laistigh de bhuiséad teoranta. Ní mór dó pleanáil i dtaobh úsáid áiseanna a bhfuil fáil orthu.

(20 marc)

**(B)** (i) Mínigh 'Teoiric an Inspreagtha' ag Maslow.

Is éard is inspreagadh ann toilteanas daoine obair a dhéanamh. Is é a thugann treallús do dhaoine, a théann i gcion orthu agus is é a spreagann daoine oibriú le sprioc áirithe a bhaint amach. Chuir Maslow teoiric inspreagtha ar aghaidh a bhí bunaithe ar **thosaíochtaí na riachtanas**.

**De réir mar a dhéantar freastal ar riachtanas amháin déantar an t-ábhar ceannasach inspreagtha den riachtanas díreach os a chionn ar an bpirimid agus déantar tosaíocht de.**

(ii)


An gá le lánchumas duine a fhíorú.

An gá atá ann le stádas, le hómós agus le léirthuiscint ag daoine eile.

An gá atá ann le grá agus le cairdeas.

An gá le Slándáil agus intuarthacht.

Bia/Foscadh




Léirigh conas a d'fhéadfadh bainisteoir a chuid oibrithe a spreagadh trí Theoiric Maslow a chur i bhfeidhm sa láthair oibre.

- Riachtanais Fhisiceacha. Féadfaidh bainisteoir a chuid oibrithe a spreagadh trí chinnte a dhéanamh go bhfaigheann siad pá féaráilte, bónais agus scéimeanna roinnte brabúis ionas go mbeifear in ann na riachtanais fhisiceacha i dtaca le bia, éadaí, foscadh, etc. a bhaint amach.
- Riachtanais Sábháilteachta. Féadfaidh bainisteoirí a chuid fostaithe a chur ar a suaimhneas ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    - Conarthaí fadtéarmacha fostaíochta a thairiscint.
    - Gnás casaoide a chur ar fáil.
    - Scrúduithe leighis a thabhairt saor in aisce.
    - Oibrithe a chur ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta.
    - Timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil, e.g. spéaclaí cosanta, buataisí, lámhainní, hataí crua agus casóga ard-infheictheachta d'oibrithe tógála.

- Riachtanais Shóisialta. Is féidir freastal ar riachtanais shóisialta fostaithe trí fhleisc-am a chur ar fáil a ligeann do na fosaithe níos mó ama a chaitheamh lena dteaghlaigh. Is féidir le hobair bhuíne agus le himeachtaí sóisialta cabhrú le hoibrithe cairdeas agus caidrimh nua a chruthú.

- Riachtanais Urraime. Tig le bainisteoirí freastal ar riachtanais urraime lucht na n-oibrithe trí mholadh, trí luaíochtaí ar nós teideal nua poist nó trí oifig mhealltach a thairiscint.

- Riachtanais Féinachtála. Is féidir leis an lucht bainistíochta freastal ar na riachtanais seo trí phlean gairme, deiseanna oiliúna agus forbartha, cumasú agus trí ardú céime a thairiscint go dtí poist fhreagrachta.

(20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar conas a bhaintear éifeachtúlacht amach i ngnó trí 'rialú stoic' **agus** 'rialú cáilíochta'.

Rialú Stoic.
Sainmhíniú:
Baineann sé leis na leibhéil is fearr de stoc a choimeád ionas nach mbíonn an iomad nó easpa stoic ann.

Bíonn an **leibhéal is fearr** de stoc agat i do ghnólacht má dhéantar rialú éifeachtach stoic. Baintear éifeachtúlachtaí amach nuair a bhíonn na leibhéil is fearr de stoc agat de bharr go mbíonn an stoc ceart agat, san áit cheart, ag an tráth ceart le freastal ar riachtanais táirgthe agus le freastal ar éileamh tomhaltóirí.
Éifeachtúlachtaí (samplaí sonracha):
Is féidir le ISDN (Líonra Digiteach de Sheirbhísí Comhtháite) cabhrú leat éifeachtúlachtaí a bhaint amach trí na costais a dhíbirt lena mbaineann an iomad stoic bheith agat, i.e.

- Dífheidhmeacht.
- Costais Stórála (Solas agus Teas, Slándáil, Spás Trádstórais, Árachas etc.)
- Meathlúchán.
- Mionghoid.
- Caipiteal Ceangailte.

Is féidir leat éifeachtúlachtaí a bhaint amach trí rialú stoic trí na costais a dhíbirt lena mbaineann leibhéil ró-ísle stoic a bheith ann, i.e. asbhaintí táirgthe de bharr easpa amhábhar agus comhpháirteanna le haghaidh táirgthe chomh maith le horduithe díolacháin a cailleadh de bharr easpa earraí críochnaithe bheith ar díol.

Rialú Cáilíochta
Sainmhíniú:
Baineann sé seo le seiceáil/athbhreithniú/iniúchadh a dhéanamh ar obair a rinneadh lena chinntiú go mbaineann sí amach na caighdeáin riachtanacha.

D'fhéadfadh an gnólacht, mar chuid de chóras rialaithe cáilíochta, siombail um rialú cáilíochta a bhaint amach ar nós dhámhachtain ISO 9000. D'fhéadfaí an tsiombail seo a aithint ar fud an domhain agus bheadh sé ina mhórshochar don ghnólacht maidir lena chuid táirgí a chur ar an margadh go hidirnáisiúnta.

Éifeachtúlachtaí:

Baintear éifeachtúlachtaí amach trí rialú éifeachtach cáilíochta a dhéanamh sa ghnó de bharr go ndéanann sé na costais lena mbaineann earraí lochtacha a dhíol le tomhaltóirí a íoslaghdú, e.g.

- Costais riaracháin lena mbaineann tabhairt ar ais earraí.
- Cailleadh clú agus na díolacháin a chailltear dá bharr.
- Táirgiúlacht chaillte de bharr gur caitheadh am ag déileáil le gearáin.

Is féidir éifeachtúlachtaí a bhaint amach sa ghnó trí rialú cáilíochta éifeachtach a dhéanamh de bharr go bhfuil táirgí a bhaineann ardchaighdeáin amach go seasta á ndíol, agus is éard a bhíonn mar thoradh air seo athcheannach, dílseacht tomhaltóra mar aon le bheith in ann praghsanna níos airde a ghearradh de bharr go bhféadfadh an gnólacht bheith mar an gceannaire margaidh.

(20 marc)

**(60 marc)**

**Ceist 5**

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáistí na hoibre buíne do na fostaithe i ngnó.

Baineann fostaithe **níos mó sásaimh as post** de bharr go gcuirtear san áireamh iarrachtaí uile na gcomhaltaí. Bíonn siad níos dea-intinní ós rud é go sásaíonn rannpháirtíocht i bhfoirne riachtanais shóisialta na bhfostaithe (Maslow).

Tagann feabhas ar **scileanna cumarsáide agus ar scileanna idirphearsanta** na bhfostaithe de bharr go bhfuil siad ag oibriú i ngrúpa agus ag déileáil le pearsantachtaí éagsúla. Taithí mhaith is ea é seo d'fhostaithe, de bharr go gcabhróidh scileanna éifeachtacha cumarsáide le fostaithe a réiteach le haghaidh feidhmeanna ceannaireachta laistigh den ghnólacht.

Agus fostaithe ag oibriú leo féin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu **cinntí tromchúiseacha** a dhéanamh. Ar a shon sin, nuair a bhíonn comhthacaíocht agus cosaint foirne ann, bíonn sé níos fusa d'fhostaithe na cinntí seo a dhéanamh, e.g. cinneadh faoi oibrithe a dhéanamh iomarcach.

Téann foirne rathúla chun cinn trí na céimeanna forbartha foirne: foirmiú, stoirmiú, normú agus feidhmiú. Beidh **níos lú fadhbanna caidrimh thionsclaíoch agus níos lú coimhlinte** i gceist le foireann rathúil, agus baineann sé seo an strus a bhaineann gníomhaíocht thionsclaíoch de na fostaithe.

(15 mharc)

**(B)** Samplaí de chánach a bhaineann le gnó is ea Íoc mar a Thuillir (ÍMAT), Cáin Bhreisluacha (CBL) agus Cáin Chorparáide.

(i) Mínigh **gach** cáin a bhfuil líne fúithi.

(ii) Déan measúnú ar impleachtaí **gach** cánach díobh do ghnólacht.

Íoc mar a Thuillir

- Cáin dhíreach é ÍMAT ar ioncam a thuilltear ó fhostaíocht.
- Cuireann gnólachtaí ÍMAT ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim gach mí.
- Déanann fostóir é a bhaint ag an bhfoinse agus é a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim.
- Faigheann cáiníocóirí deimhniú creidmheasanna cánach; tugtar é seo do na fostóirí agus laghdóidh sé an oiread cánach a bheidh le híoc acu.

*Impleacht don ghnólacht (measúnú)*

- Costas riaracháin do ghnólachtaí é bailiú ÍMAT/Córas maorlathach é óna dteastaíonn comhlánú mórán foirmeacha éagsúla cánachais, e.g. P12A, P60, P45, P12 agus P21.
- Cáin fhorchéimnitheach atá ann de bharr go n-íocann tú níos mó cánach de réir mar a thuilleann tú níos mó ioncaim. Dídhreasú do dhaoine chun ragobair a dhéanamh iad ardrátaí ÍMAT, agus cuireann sé seo isteach ar chumas gnólachtaí orduithe díola a bhaint amach.

Cáin Bhreisluacha

- Cáin indíreach atá in CBL a ghearrtar ar dhíol earraí agus seirbhísí.
- Cláraíonn gnólachtaí le haghaidh CBL agus tugtar UIMHIR CBL dóibh.
- Seolann an gnólacht CBL ar ais gach dhá mhí chuig na Coimisinéirí Ioncaim.
- Is ionann an méid CBL a íoctar agus an difear idir an CBL a íocadh ar cheannacháin agus é sin a bailíodh ó dhíolacháin.
- Gearrtar CBL ag rátaí éagsúla, ag brath ar an saghas earraí nó seirbhísí lena mbaineann.

*Impleacht don ghnólacht (measúnú)*

- Mórchostas riaracháin is ea bailiú CBL le haghaidh gnólachtaí.
- Déanann ardrátaí CBL ar amhábhair agus ar chomhpháirteanna na costais atá ar tháirgeacht le haghaidh gnó a mhéadú agus bíonn tionchar aige seo ar chorrlaigh agus ar shreabhadh airgid.
- Déanann ardrátaí CBL an praghas ceannaigh a mhéadú le haghaidh tomhaltóirí. Déanann sé seo an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí gnó a laghdú.
- Ba cheart go spreagfaidh laghdú beartaithe an Rialtais ar rátaí CBL in earnáil na turasóireachta ó 13.5% go dtí 9% borradh in earnáil na turasóireachta.

Cáin Chorparáide.

- Gearrtar cáin chorparáide ar na brabúis a dhéanann comhlachtaí.
- Is é 12.5% an ráta reatha cánach corparáide le haghaidh gnólachtaí déantúsaíochta.
- Ceadaítear na costais a bhí ar an ngnólacht a íoc a bhaint as brabús inchánach an ghnólachta tráth a ríofa.
- Ní mór do chomhlachtaí cuntais deiridh bhliantúla lena mbrabús inchánach a léiriú.

*Impleacht don ghnólacht (measúnú)*

- Tá cáin chorparáide in Éirinn íseal go maith i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta. Ábhar spreagtha is ea é seo d'fhiontraithe na hÉireann agus d'infheisteoirí eachtracha chun gnólacht a bhunú anseo. Dá dtiocfadh méadú ar cháin chorparáide d'fhéadfadh sé bheith ina dhídhreasú i leith infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI).
- Laghdaíonn cáin chorparáide méid na mbrabús agus an méid ar a bhfuil fáil mar thuilleamh coimeádta dá bharr. D'fhéadfadh sé seo brú a chur ar an ngnólacht le hairgead a fháil ar iasacht, agus ardghiaráil dá bharr.

(Ná glactar le hathrá pointí eolais in aon cheann de na míniúcháin ná impleachtaí le haghaidh gach cánach.)

(25 marc)

**(C) (i)** Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma 'bainistíocht riosca'.

**Cur chuige pleanáilte** is ea bainistíocht riosca i leith dhéileáil leis an riosca a mbeidh an duine nó an gnólacht nochta dó.
Is éard atá i gceist leis:

- **Sainaithint na rioscaí/na gcaillteanas go léir a d'fhéadfadh a bheith i gceist**, e.g. riosca tine, neamart fostóra, caillteanas de bharr gortú pearsanta, dliteanas dleathach etc.
- **Ríomh na gcostas** cosanta ó chaillteanas.

**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** mhodh a bhféadfadh bainisteoir leas a bhaint astu chun an riosca laistigh dá ghnó a laghdú a oiread agus is féidir.

<u>Árachas:</u> Aistrigh an riosca go dtí comhlacht árachais le haghaidh táille árachais ina slánóidh an comhlacht aon chaillteanas a mbíonn an gnólacht thíos leis.

<u>Nósanna imeachta slána:</u> Leagtar amach go docht dian an bealach/beart le rud éigin a dhéanamh agus cloítear leis/ /nósanna imeachta diana i leith monatóireachta/nósanna imeachta diongbháilte i leith bainistíocht airgid.

<u>Sláinte agus Sábháilteacht:</u>

- Ráitis um Shláinte agus Sábháilteacht: Rialacháin, sainaithint guaiseanna, etc.
- Oiliúint pearsanra i dtaobh sláinte agus sábháilteachta. Druileanna, gníomhaíochtaí agus oiliúint leighis. Trealamh sábháilteachta agus éadaí cosanta a sholáthar chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil i leith na nithe seo.
- Ceap ionadaithe Sláinte agus Sábháilteachta sa lucht oibre. Tabhair le fios aon saincheist sábháilteachta.
  Cigireacht/iniúchóireacht rialta sábháilteachta. Infheistíocht i dtrealamh nua, athsholáthair, uasghrádaithe.

<u>Córais slándála a shuiteáil.</u> Aláraim, doirse dóiteáin, CCTV etc.

(20 marc)
**(60 marc)**

**Ceist 6**

**(A) (i)** Léirigh an difríocht idir *cumasc* agus *táthcheangal* mar mhodhanna chun gnólacht a leathnú.

- **Malgamú** fabhrach/deonach é cumasc idir dhá ghnólacht ar mhaithe lena **gcomhshochar**. Is éard atá i gceist leis dhá chomhlacht chothroma ag comhcheangal le haonán amháin a dhéanamh den dá chomhlacht **de thoil a chéile**.
- Cruthaítear aonán dleathach singil amháin a luaithe a cheadaíonn na scairshealbhóirí é agus níl aon rialú ag ceachtar den dá chomhlacht ar a chéile, e.g. tháinig Irish Permanent agus Banc Taisce Iontaobhais le chéile chun Permanent Tsb a chruthú. Cruthaíodh Glanbia nuair a chumaisc Avonmore Plc agus Waterford Plc.

- Táthcheangal atá ann, ar an taobh eile den scéal, nuair a cheannaítear 51% de na scaireanna i gcomhlacht eile bíodh sé ar bhealach naimhdeach nó fabhrach. Déanann **an comhlacht fála** an comhlacht eile a ghlacadh chuige féin. Cailltear féiniúlacht an chomhlachta i ndiaidh na fála agus déantar cuid den chomhlacht fála de. Is féidir costas an táthcheangail bheith thar a bheith daor. Ríomhtar é tríd an scairphraghas a mhéadú faoi líon na scaireanna a ceannaíodh, e.g. rinne Eircom comhlacht guthán póca Meteor a tháthcheangal ar chostas €420 milliún.

**(ii)** Déan plé ar na buntáistí agus ar na rioscaí do Chill Rónáin Tta a bhaineann le cumasc mar mhodh leathnaithe gnó.

<u>*Buntáistí*</u>

- Straitéis chosantach atá ann de bharr go bhféadfadh **éagsúlú i réimsí nua tháirgí** bheith i gceist, a dhéanann an riosca a laghdú nach mbeadh 'an comhlacht ag brath ar réimse amháin táirgí'. Dá dtitfeadh an tóin as an margadh le haghaidh bia fuaraithe, bheadh Cill Rónáin Tta slán go fóill, go háirithe de bharr go bhfuil leasanna eile acu.

- **Foirm thapa d'fhairsingiú gnólachta** is ea é do Chill Rónáin Tta, éagsúil le borradh orgánach.

- **Beidh na costais níos ísle** má dhéanann Cill Rónáin Tta cumasc le gnólacht eile – barainneacht scála/comhroinnt costas/acmhainní.

- Lena chois sin, is féidir le gnólachtaí **rochtain a fháil ar theicneolaíocht nua agus ar mhargaí nua go mear** e.g. beidh rochtain láithreach ar mhargadh i bhfad níos mó ag Cill Rónáin Tta má dhéantar cumasc le gnólacht eile Éireannach.

<u>*Rioscaí*</u>

- D'fhéadfadh cumaisc a bheith ina gcúis le **fadhbanna caidrimh thionsclaíoch,** e.g d'fhéadfadh iomarcaíocht bheith ann agus díospóidí caidrimh thionsclaíoch dá bharr sin.

- D'fhéadfadh an éagsúlacht de chultúir eagraíochtúla idir Cill Rónáin Tta agus an gnólacht eile bheith ina cúis le coimhlint idir foirne iomaíocha bainistíochta a bhfuil taithí acu ar chleachtais oibre agus ar stíleanna agus a chórais bhainistíochta dá gcuid féin. D'fhéadfadh seo bheith ina údar le **heaspa comhoibrithe** laistigh den chumasc nua, agus d'eascródh droch-chinnteoireacht bhainistíochta as seo.

(25 marc)

Ceartaíodh earráidí cló ar an leathanach seo le go mbeadh sé de réir na scéime marcála a d'úsáid na scrúdaitheoirí.

**(B)** Déan idirdhealú idir *caipiteal fiachais* agus *caipiteal cothromais* mar fhoinsí maoinithe le haghaidh leathnú Chill Rónáin Tta.

Airgeadas Fiachais agus Cothromais do Chill Rónáin Tta

| | **Caipiteal Cothromais** | **Caipiteal Fiachais** |
|---|---|---|
| **Rialú** | D'fhéadfadh eisiúint scaireanna rialú Chill Rónáin Tta a chaolú. | Ní rachaidh caipiteal fiachais/caipiteal ó iasacht a úsáidtear leis an ngnólacht a mhaoiniú i gcion ar rialú an ghnólachta. |
| **Aisíocaíochtaí Úis/Díbhinní** | Níl aon dualgas ar shealbhóirí gnáthscaireanna. Ar a shon sin, más beag do na díbhinní nó mura n-íoctar go rialta iad, d'fhéadfadh sé seo drochthionchar a imirt ar an scairphraghas. | Ní mór aisíocaíochtaí úis sheasta a íoc ar fhiacha Chill Rónáin Tta e.g. Bintiúir, Díbhinní Seasta i.e. Scaireanna Tosaíochta 8% |
| **Riosca** | Bheadh an riosca gnó ní b'ísle dá lú a bheadh an fiachas i gCill Rónáin Tta. Má tá an comhlacht i bhfiacha beaga tá sé ísealghiaráilte.<br>Ní bheadh sé chomh dóchúil céanna go mbeadh an comhlacht féimhithe (bancbhriste), de bharr gurb ann do níos lú creidiúnaithe. | Ní mór aisíocaíochtaí úis sheasta a dhéanamh ar neamhaird le brabúsacht ag Cill Rónáin Tta.<br>Riosca méadaithe i leith féimheachta – níos mó creidiúnaithe, ar seans gur mhian leo an gnólacht a fhoirceannadh agus na sócmhainní a leachtú d'fhonn fiacha a íoc. |
| **Urrús Comhthaobhach** | Ní bheidh gá le haon urrús | D'fhéadfadh ar Chill Rónáin Tta roinnt urrúis/ comhthaobhach a sholáthar le haghaidh Caipiteal Fiachais. |
| **Impleachtaí Cánach** | Níl díbhinní i leith sealbhóirí gnáthscaireanna in-asbhainte ó thaobh cánach. | Tá aisíocaíochtaí úis in-asbhainte ó thaobh cánach. |

- Baineann **ísealriosca** leis an uile chaipiteal cothromais agus ní theastaíonn urrús uathu.
- Baineann **ardriosca** le caipiteal fiachais – ní mór ús agus caipiteal a aisíoc is cuma cén bhrabúsacht atá i gceist.
- Airgead a infheistíonn na húinéirí nó na scairshealbhóirí é caipiteal cothromais agus is iasachtaí ó institiúidí airgeadais é caipiteal fiachais.
- Tá gnólacht atá maoinithe go príomha ag caipiteal Gnáthscaireanna ísealghiaráilte agus tá gnólacht atá maoinithe go príomha ag fiacha ardghiaráilte.

(15 marc)

Ceartaíodh earráidí cló ar an leathanach seo le go mbeadh sé de réir na scéime marcála a d'úsáid na scrúdaitheoirí.

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar fhoinsí inmheánacha **agus** ar fhoinsí seachtracha de nuálaíocht táirgí atá ar fáil do Chill Rónáin Tta.

*Inmheánach*

- Seisiúin Ransaithe Smaointe. Is éard a bhaineann leis seo daoine ó rannóga éagsúla den ghnólacht ag teacht le chéile agus **machnamh cruthaitheach** a dhéanamh ar smaointe nua. Diúltaítear cuid de na smaointe seo agus déantar breis breithnithe ar chinn eile. Cabhraíonn éagsúlacht na foirne leis an bpróiseas cruthaitheachta.

- Mórfhoinse de nuálaíocht táirgí/smaointe nua do tháirgí iad **pearsanra díolacháin** trí thaighde margaidh nó trí aiseolas a fháil ó ionadaithe díolacháin.

- Faightear smaointe agus moltaí ó fhostaithe trí **scéimeanna moltaí/boscaí moltaí**. D'fhéadfaí duais a bhronnadh ar dhea-smaoineamh trí bhónas a thabhairt, mar shampla. D'fhéadfadh dea-chultúr infhiontraíoch laistigh de Chill Rónáin Tta nuálaíocht a chothú.

- D'fhéadfadh go dtiocfaidh **an Roinn Taighde agus Forbartha** (R&D) ar tháirge nua trí thaighde agus trí fhorbairt a dhéanamh.

*Seachtrach*

- Monatóireacht a dhéanamh ar na **hiomaitheoirí** agus aithris a dhéanamh ar chuid dá smaointe táirgí, ach bheith aireach ar dhlí paitinne agus cóipchirt i gcomhthráth.

- **Ionadú iompórtála** sa chás go bhfuil ionadú á dhéanamh ar tháirge atá á iompórtáil faoi láthair ag táirge a tháirgtear in Éirinn ag a bhfuil a mhacasamhail de cháilíocht nó ar a bhfuil an praghas céanna.

- Comhlacht **Taighde Margaidh** a úsáid le bearnaí sa mhargadh agus treochtaí margaidh a thabhairt faoi deara. Bheadh Cill Rónáin Tta in ann leas a bhaint as na bearnaí seo nó as na margaí nideoige, dá bharr.

- D'fhéadfadh **Gearáin ó Chustaiméirí** bheith ina gcúis le hathruithe/forbairt ar tháirgí.

- D'fhéadfadh **taisteal thar lear/taispeántais trádála** Cill Rónáin Tta a spreagadh chun táirge nua a dhéanamh le haghaidh an mhargaidh bhaile..

(20 marc)

**(60 marc)**

**Ceist 7**

**(A)** Déan plé ar **dhá** dhúshlán fhéideartha a bhaineann le gnólacht nua a chur ar bun.

- Tiomsú Airgid/Caipitil: Ní foláir don ghnólacht foinsí oiriúnacha airgeadais gearrthéarmacha (rótharraingt bhainc chun pá a íoc), meántéarmacha (trealamh agus innealra léasaithe) agus fadtéarmacha (morgáiste chun foirgnimh a cheannach) a roghnú. Beidh ar an ngnólacht airgeadas a thiomsú chun é féin a bhunú agus a choimeád slán. Beidh ar an ngnólacht a shreabhadh airgid a bhainistiú, agus go háirithe a chuid aisíocaíochtaí iasachta.

- Rogha na hÚinéireachta: Beidh ar an ngnólacht rogha fhóirsteanach úinéireachta a roghnú, e.g. Trádálaí Aonair, Comhpháirtíocht nó Cuideachta Phríobháideach Theoranta. D'fhéadfadh comhlacht bheith mealltach de bharr go dtairgeann sé sochar dliteanais theoranta. Ligeann comhpháirtíocht scileanna nua a fháil, agus d'fhéadfadh trádálaí aonair a bheith mealltach de bharr gur faoi na húinéirí atá an rialú.


- Modh Táirgthe (Gnólacht Déantúsaíochta): Ní foláir don ghnólacht modh fóirsteanach táirgthe a roghnú, e.g. jabtháirgeadh, olltáirgeadh nó baisctháirgeadh. Ní mór go n-oirfidh an modh a roghnaítear don ghnólacht mar aon le cáilíocht agus praghsanna iomaíocha a chinntiú.

- Earcaíocht/Easpa Saineolais. Ní mór don ghnólacht foireann fhóirsteanach a earcú ag a bhfuil na scileanna agus na cáilíochtaí cearta a éascóidh an gnólacht a chuid cuspóirí a bhaint amach. Dúshlán a bhaineann le tionscnamh gnó atá in iarracht a dhéanamh dul sa tóir ar oibrithe ar féidir leo oibriú i bhfoirne, ag a bhfuil scileanna maithe cumarsáide agus eitic oibre.

(10 marc)

**(B)** (i) Tarraing léaráid de 'shaolré táirge' agus cuir lipéid uirthi.

Saolré Táirge




**Nóta: Ní mór teideal a bheith ar an léaráid, aiseanna a bhfuil na lipéid chearta orthu, agus céimeanna san ord ceart.**

**(ii)** Léirigh na modhanna a d'fhéadfadh gnó a úsáid chun fad a chur le saolré táirge.

Ní mór don ghnólacht an **cumasc margaíochta** a ghabhann leis an táirge a athrú d'fhonn fad a chur lena shaolré.

**Táirge**
**Feabhsaigh an táirge/athraigh a úsáid/tabhair forbairtí táirge isteach (blasanna agus méideanna éagsúla):**

- D'fhéadadh an gnólacht dearadh an táirge a fheabhsú trí ghné den táirge a athrú beagán, e.g. rochtain idirlín a chur le guthán póca. D'fhéadfadh sé seo custaiméirí nua a mhealladh nó b'fhéidir go mbainfeadh custaiméirí roimhe seo triail eile as an táirge le fáil amach cad a rinneadh leis chun é a fheabhsú.
  D'fhéadfadh athruithe ar úsáid an táirge níos mó tomhaltóirí a mhealladh/margadh difriúil. Beidh aird ag deighleoga éagsúla an mhargaidh ar fhorbairtí éagsúla ar línte táirge agus d'fhéadfadh méadú teacht ar na díolacháin.
  D'fhéadfadh athruithe ar an bpacáistiú dul i gcion ar dheighleog dhifriúil an mhargaidh.

**Praghas**
**Méadaigh/laghdaigh an praghas:**

- D'fhéadfadh an gnólacht a straitéis praghsála a athrú. D'fhéadfadh glacadh le straitéis dhifriúil praghsála díolacháin agus ioncam a mhéadú, e.g. ticéid chluiche a dhíol ar phraghas níos ísle; d'fhéadfadh sé seo bheith ina bhunús le díol na dticéad uile sa staidiam agus le huasmhéadú an ioncaim. D'fhéadfadh ardú ar phraghsanna an táirge a dhéanamh ní b'eisiaiche agus custaiméirí a mhealladh. D'fhéadfadh custaiméirí reatha níos mó ceann den táirge a cheannach de bharr ísliú ar phraghsanna.

**Tionscnamh:**
**Athraigh modh an tionscnaimh**

- Bain úsáid as modh difriúil tionscnaimh atá níos éifeachtaí. Is féidir le hathrú go fógraíocht teilifíse bheith daor, ach d'fhéadfadh sí feasacht a mhéadú ar an táirge, dílseacht custaiméirí a spreagadh agus díolacháin a mhéadú.
- Athraigh ainm an táirge agus d'fhéadfaí modhanna nua tionscnaimh a úsáid ansin le haird a tharraingt.

**Áit:**
**Athraigh an áit ina ndíoltar an táirge**

- Bain leas as córas difriúil dáilte, e.g. d'fhéadfadh díol díreach le custaiméirí tríd an Idirlíon (Ryanair agus Dell) díolacháin a mhúscailt arís agus saolré an táirge a bhreisiú.
- D'fhéadfadh díol ar líne custaiméirí a mhealladh ó gach cearn den domhan.

(25 marc)

**(C)** **(i)** Mar chuid de 'Staidéar Indéantachta' i gcomhair earra nua, cuireann De Mórdha Tta an t-eolas airgeadais seo a leanas ar fáil:

| | |
|---|---|
| Aschur Tuartha (Díolacháin) | 40,000 aonad |
| Costas Díola | €20 an t-aonad |
| Costas Athraitheach | €10 an t-aonad |
| Costais Sheasta | €300,000 |

Léirigh iad seo a leanas le cairt mheá ar mheá:

(a) An Pointe Meá ar Mheá.
(b) An brabús ar an aschur tuartha.
(c) An Lamháil Sábháilteachta ar an aschur tuartha.

CD = €20
CA = €10 Ranníocaíocht in aghaidh an aonaid = €20 - €10 = €10

(a) **Pointe meá ar mheá** = $\frac{\text{Iomlán na gcostas seasta}}{\text{Ranníocaíocht in aghaidh an aonaid}}$


= $\frac{300,000}{10}$ = 30,000 aonad

| Aonaid | CD | Costais/A | Costais/S | Costais/I | Ioncam//I | Brabús |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 20 | 0 | 300,000 | 300,000 | 0 | 0 |
| 30,000 | 20 | 300,000 | 300,000 | 600,000 | 600,000 | 0 |
| 40,000 | 20 | 400,000 | 300,000 | 700,000 | 800,000 | 100,000 |

**(b) An brabús ar an aschur tuartha = €800,000 - €700,000 = €100,000**

**(c ) An Lamháil Sábháilteachta = 40,000 - 30,000 = 10,000 Aonad**

**(i) Cairt Mheá ar Mheá – De Mórdha Tta**



**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhm **amháin** eile a bheadh ag staidéar indéantachta do De Mórdha Tta.

Tuarascáil imscrúdaithe é staidéar indéantachta ar chumas agus ar bhrabúsacht smaoineamh gnó.

- **Indéantacht mhargaidh**, i.e. an bhfuil éileamh ar an táirge/cad é an cumasc margaíochta is fearr i gcomhair an táirge agus cad iad na figiúirí dóchúla díolacháin?
- **Indéantacht táirgthe/theicniúil**, i.e. an bhfuil an t-innealra, an trealamh agus na foirgnimh againn leis an táirge a dhéanamh?
- **Indéantacht scileanna**, i.e. an bhfuil na scileanna riachtanacha ag ár ngnólacht leis an táirge a dhéanamh, e.g. scileanna bainistíochta agus scileanna na bhfostaithe, nó an dteastóidh oiliúint uainn agus, má theastóidh, cé mhéad a chosnóidh sí?
- **Indéantacht chomhshaoil**, i.e. an mbeidh tionchar ar an gcomhshaol áitiúil ag na próisis táirgthe atá riachtanach i gcomhair an táirge nua? An mbeidh cead pleanála uaim?

(20 marc)
**(60 marc)**

AN CHRÍOCH